









SuperValu
# Bailte Slachtmhara
*Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol*





# Spásanna Glasa & Tírdhreachadh








Tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhu

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland
SuperValu

**Cuireadh tús le comórtas na mBailte Slachtmhara SuperValu sa bhliain 1958 agus ó shin i leith, tá sé ar an tionscnamh inbhuanaitheachta agus comhshaoil is fearr aithne in Éirinn. Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta a riarann an comórtas, agus is údar mórtais ag SuperValu bheith i mbun a urraíochta ón mbliain 1991 i leith.**

Déantar breithniú neamhspleách ar an gcomórtas faoi ocht gcatagóir, is iad sin;

- **An Pobal - Pleanáil & Rannpháirtíocht**
- **Sráid-Dreach & Áiteanna Poiblí**
- **Spásanna Glasa & Tírdhreachadh**
- **An Dúlra & an Bhithéagsúlacht in bhur gCeantar**
- **Inbhuanaitheacht: Breis a Bhaint as Beagán**
- **Slacht & Rialú Bruscair**
- **Sráideanna Cónaithe & Limistéir Thithíochta**
- **Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí**

I mí Mheán Fómhair 2015, ghlac 193 Bhallstát de na Náisiúin Aontaithe le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe "An Domhan a Chlaochlú".
Is é an ghné is tábhachtaí a bhaineann leis an gClár Oibre seo ná na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) atá ina léiriú ar ghnéithe geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil a bhaineann le forbairt inbhuanaithe.
Ar fud na foirme iontrála, feicfidh tú go leor réimsí ina bhfuil na spriocanna seo ailínithe le catagóirí éagsúla Bailte Slachtmhara. Sonraigh, le do thoil, faoi gach catagóir mar a fhéachann do thionscadal nó tionscnaimh le haghaidh a thabhairt ar cheann nó níos mó de na cuspóirí inmharthana.

Feicfidh tú go bhfuil an chatagóir "Spásanna Glasa & Tírdhreachadh" ailínithe le spriocanna 11, 12, 13, 14, 15 & 17.




Tá an Lámhleabhar seo, a ullmhaíodh le hionchur ó phainéal náisiúnta de mholtóirí Bailte Slachtmhara, deighilte ina míreanna, clúdaítear gach aon chatagóir ar bhonn aonair, ach mar sin féin, moltar gan gach aon mhír a léamh ar leithlis ó na míreanna eile. Tá ról tábhachtach ar tírdhreachadh maidir le breithniú a dhéanamh ar Shráid-dreacha agus Áiteanna Poiblí, Sráideanna Cónaithe agus Limistéir Tithíochta agus Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí, Slacht agus rialú Bruscair, agus mar a chéile, déanfar é a mheas i roinnt catagóirí. Molaimid duit, mar sin, féachaint ar na catagóirí ar fad beag beann ar an tionscadal nó tionscnamh a bhfuiltear ag tabhairt faoi.

Bí cinnte agus an mhír maidir le Faisnéis Ghinearálta a cheadú freisin. Tá faisnéis luachmhar ar fáil inti do na grúpaí Bailte Slachtmhara ar fad.

Sa mhír seo, caithimid súil ar "Spásanna Glasa & Tírdhreachadh", féach ar an mbileog scórála chun na marcanna don chatagóir seo a fheiceáil. Tá an téacs seo a leanas san fhoirm iontrála chun cuidiú leis an iarrthóir an mhír seo den fhoirm iontrála a chomhlánú.

Ba chóir go gcuirfeadh pobail an méid seo a leanas in iúl: Spásanna glasa a phleanáil, a dhearadh agus a bhainistiú. Crainn oiriúnacha a roghnú agus a chur in áiteanna oiriúnacha, cothabháil leanúnach, prúnáil mhúnlaitheach, uisce agus aird ar stacáin agus snaidhmeáin. Cur i láthair an tírdhreachaithe ag gach bealach isteach chuig do bhaile/sráidbhaile, do cheantar i gcomhar le d'údarás áitiúil, nuair is cuí. Tá sé tábhachtach úsáid oiriúnach a bhaint as plandaí mar fhálta agus as toir a bheidh faoi bhláth i gcaitheamh na bliana mar atá scéimeanna plandaí séasúracha atá báúil do phailneoirí in áiteanna tábhachtacha ar mian leat aird a tharraingt orthu. Tá coimeádáin plandaí in ann a bheith éifeachtach in áiteanna nach féidir plandaí a chur go díreach sa talamh. Chun obair chothabhála a laghdú cuir srian le húsáid coimeádán. Chun an tionchar atá ag obair thírdhreachaithe ar feadh na bliana i do phobal a léiriú, iarrtar ort grianghraif a bhfuil dáta orthu a chur ar fáil. Scéimeanna lus an chromchinn nach mbíonn le feiceáil sa samhradh mar shampla.



# SPÁSANNA GLASA AGUS TÍRDHREACHADH

**Tabhair ar aird:** Meabhraítear do grúpaí agus oibrithe deonach Bailte Slachtmhara nach mór tús áite a thabhairt dá sábháilteacht agus folláine i gcónaí. D'fhonn sábháilteacht oibrithe deonacha a chinntiú, moltar do ghrúpaí Bailte Slachtmhara comhairle a lorg ó An Garda Síochána nó ó aon údarás ábhartha eile sula dtugtar faoi thionscadail ar bhóithre, cois bóthair nó ar chiumhaiseanna bóithre etc.

Tagraíonn 'tírdhreach' do na cruthanna (cnoic, gleannta, patrúin na bpáirceanna) agus don chlúdach talún (crainn, féar, fálta, uisce) atá ann sa cheantar atá mórthimpeall an bhaile. Chomh maith leis sin, tagraíonn 'tírdhreachadh' do chrainn, toir agus bláthanna a chur laistigh den lonnaíocht. Tugtar tírdhreachadh bog air seo uaireanta murab ionann is tírdhreachadh crua a bhaineann le pábháil agus colbhaí de ghnáth.

Is é an tírdhreach an comhéadan idir an tírdhreach tuaithe agus uirbeach, an tírdhreach tógtha agus nádúrtha, agus na gnéithe cultúir agus aeistéitice a bhaineann le lonnaíocht. Tá baint ag gach baile agus sráidbhailte lena thírdhreach mar gheall ar an stair, béaloideas, áineas agus réimse éagsúil gníomhaíochtaí cultúir. Ba chóir do Choiste Bailte Slachtmhara aird mhór
a thabhairt ar an tuiscint níos leithne seo ar an tírdhreach Gné thábhachtach é de shaol na ndaoine atá ann - lena tugtar braistint na féiniúlachta agus an mhuintearais do dhaoine aonair agus pobail, agus lena mbronntar ómós áite ar an gceantar máguaird. Déanfar an chóireáil tírdhreacha a mholann tú don bhaile nó sráidbhaile a chinneadh
a bhfianaise a shuímh sa tírdhreach. Má tá an baile le hais na farraige, le hais locha nó abhann, laistigh de thírdhreach feirmeoireacht nó i ngleann coillteach, beidh tionchar aige sin ar an chóireáil tírdhreacha a mholtar. Mar shampla, bíonn an carachtar atá ag sráidbhaile eastáit i ngleann fothainiúil istigh faoi tír cuibheasach difriúil ón gcarachtar a bhíonn i gceist i sráidbhaile cois farraige.

**An Ról atá ag Tírdhreachadh**

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na róil éagsúla atá ag tírdhreachadh i mbailte agus sráidbhailte ar an dóigh seo a leanas:

- Cruthanna, dathanna agus uigeachtaí suimiúla a chur ar fáil ó cheann ceann na bliana trí fhálta, toir nó crainn a chur. Téama físiúil nó gnéithe comhfhorbartha a chur ar fáil lena gcruthaítear agus lena neartaítear féiniúlacht agus carachtar an cheantair.
- Cur leis an timpeallacht thógtha trí chiumhaiseanna crua ar fhoirgnimh a mhaolú, cur le haghaidheanna folmha nó aird a tharraingt ar fhoirgnimh ina bhfuil dath nó duilliúir ag teastáil chun feabhas a chur ar an gcuma atá orthu.
- Radhairc ghránna a fholú
- Croílár nó creat a chur ar fáil nó cur le radhairc agus croíláir tharraingteacha
- Feabhas a chur ar scála agus coibhneas sráideanna an-leathan agus spásanna móra
- Foscadh ar an ngaoth, ar an mbáisteach agus ar sholas na gréine a chur ar fáil
- Feabhas a chur ar an éiceachóras uirbeach trí thacú le réimse leathan fiadhúlra
- Caighdeán an aeir a fheabhsú agus cuidiú a thabhairt astaíochtaí carbóin a chur ar ceal
- An úsáid atá le baint as spás a threorú agus a leagan amach
- Teorainn a chur le bealaí, aird a tharraingt ar dhorchlaí iompair bharrthábhachtacha e.g. trí chrainn a chur ar feadh ascaillí, éifeacht a chruthú ar bhóithre isteach agus ag timpealláin agus ag acomhail bharrthábhachtacha.
- Maolán a chur ar fáil idir bealaí do choisithe agus bealaí d'fheithiclí.

## An méid a chuireann an Moltóir san áireamh

- Roghnú agus lonnú cuí i ndáil le crainn, fálta, toir agus bláthanna ar mhaithe leis an éifeacht ó cheann ceann na bliana.
- Crainn a chothabháil, lena n-áirítear prúnáil mhúnlaitheach (más gá), uisciú agus aire a thabhairt do chuaillí agus snaidhmeanna. Fadhb choitianta a d'fhéadfadh bheith ann is ea prúnáil an iomarca nó prúnáil nuair nach gá.
- Plandaí dúchasacha agus plandaí atá fabhrach do phailneoirí a thabhairt isteach i scéimeanna plandaithe nuair is cuí. Crainn de speiceas mícheart a chur, ar nós úsáid a bhaint as crainn neamhdhúchasacha nuair a bheadh crann dúchasach i bhfad níos oiriúnach e.g. in áiteanna ar imill bhailte agus shráidbhailte atá buailte leis an tuath
- Suíomh, dearadh agus cothabháil limistéir phlandaithe
- Pleanáil, dearadh agus bainistiú spásanna glasa.
- An tírdhreachadh a rinneadh i ngach bealach isteach chuig do bhaile/sráidbhaile/ceantar a chur i láthair.

## CLÁR PLANDAITHE A LEAGAN AMACH

Ba chóir go mbeadh clár plandaithe agus plean i ndáil le cothabháil rialta a dhéanamh ar limistéir phlandaithe bheith ina dhlúthchuid de phlean cúig bliana Bailte Slachtmhara, agus láthair nua á roghnú do phlandú gach aon bhliain, nó plean bunaithe ar thosaíochtaí bheith ann ag brath ar na limistéir is mó a bhfuil gá le plandú.

Cé nach mór go gcuirfeadh do phlean suíomh tírdhreacha an bhaile nó sráidbhaile san áireamh, ba chóir go leagfaí amach an plandú ar fad le go mbeadh sé oiriúnach do na dálaí a bhaineann leis an suíomh lena chinntiú go mbeadh rath air go fadtéarmach. I measc na ngnéithe ríthábhachtacha atá le cur san áireamh, áirítear:

- an talamh atá ar fáil do phlandú
- cáilíocht & tréscaoilteacht na hithreach
- suíomh an phlandaithe - bíodh sé cois abhann, cois farraige, ar thimpeallái n nó ar bhóithre isteach.
- dálaí miocraeráide áitiúla
- an méid iarchúraim a bheidh ag teastáil agus an chothabháil leanúnach atá ar fáil
- an riosca maidir le loitiméireacht

Ba chóir speicis chuí plandaí a roghnú bunaithe ar an bprionsabal 'Planda ceart, Áit cheart' le go mbeadh siad oiriúnach don timpeallacht faoi leith atá i ngach aon suíomh, lena n-áirítear draenáil, deisiúr agus ithir. Ba chóir go gcuirfeadh leagan amach an phlandaithe tréithe ar fáil a athraíonn ar feadh na bliana mar aon le dinimic tharraingteach de ghnéithe athraitheacha ar nós bláth, caora, dathanna an fhómhair ar dhuilleoga, dath suaithinseach ar chraobhóga, nó coirt scamhach. Is féidir maisíocht físe deas a bhaint amach nuair a chuirtear toir, rósanna agus ilbhliantóga ina ngrúpaí aonspeiceasacha, le codarsnachtaí idir dathanna na nduilleog agus dathanna na mbláthanna, uigeacht na nduilleog mar aon leis an gcruth foriomlán.

D'fhéadfadh cuma an-choimhthíoch agus suaithinseach bheith ar roinnt plandaí agus ar an dóigh sin, léiríonn siad cuma iasachta ar cheantar. Cé go mbíonn plandaí den chineál seo ina ndíol spéise i roinnt gairdíní príobháideacha, bíonn cuma sách mhíchuibhiúil orthu i limistéir phoiblí áirithe ar nós áiteanna cois bóthair nó i bplandú i spásanna oscailte. Is fearr brath ar speicis dhúchasacha nó speicis atá tugtha chun cineáil i gcás limistéir dá leithéid.

D'fhonn go mbeadh meascán comhchuí ann idir plandaí agus cóireálacha tírdhreacha leis an suíomh nádúrtha ina bhfuil baile nó sráidbhaile suite, ba chóir sraith éifeachtaí tírdhreacha a bheith ann a éiríonn níos ornáidí ó phlandaí nádúrtha dea-choinnithe ar na bóithre isteach (crainn, fálta, féar lomtha agus bruacha bláthanna fiáine) ar aghaidh go dtí toir agus crainn níos ornáidí ag acomhail bhóithre ag áiteanna feiceálacha, agus crainn sráide, pábháil agus bláthbhoscaí fuinneoige i lár an bhaile.

Ba chóir go mbeadh an plandú ar bhóithre isteach ina phlandú i ngrúpaí móra den dath agus uigeacht chéanna ós rud é nach féidir éifeachtaí níos mionsaothraithe a thabhairt faoi deara nuair atáthar ag taisteal ar ardluas. D'fhéadfaí leas a bhaint as plandú níos mionsonraithe ag acomhail agus i lár an bhaile, áit a ndéantar taisteal níos moille.

Bí cúramach nach gcuireann tú plandaí i spás oscailte reatha le go gcuirfeadh sé isteach ar chosán do choisithe.

Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm le leagan amach na bplandaí cur leis an mbithéagsúlacht áitiúil agus le sláinte éiceolaíoch fhoriomlán an cheantair. Trí réimsí níos leithne plandaí a chur, cuirfear foinsí bia ar fáil agus gnáthóga doréimse níos leithne  Chomh maith leis sin, cruthaíonn sé seo tírdhreach níos láidre toisc go gcuireann sé le hathléimneacht in aghaidh lotnaidí agus galair atá ag scaipeadh ar fud an domhain. Nuair is féidir, bain leas as crainn, toir, plandaí le haghaidh fálta, bláthanna ilbhliantúla agus bliantúla atá go maith do phailneoirí chun pailin agus neachtar a chur ar fáil do bheacha, féileacáin agus feithidí pailnitheacha eile.

Is féidir treoir a fháil maidir leis na speicis is fearr a roghnú ó na hacmhainn atá ar fáil sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí, lena n-áirítear **https://pollinators.ie/communities/** agus **https://pollinators.ie/wordpress/wp-content/uploads/2018/04/Planting-Code-2018-WEB.pdf** .

## PLANDÚ CHUN DUL I NGLEIC LE LOITIMÉIREACHT

In áiteanna ina bhféadfaí damáiste réchúiseach nó loitiméireacht a dhéanamh, beidh gá le plandaí a fhásfaidh arís eile má bhristear iad, ar nós sailí, fearnóige, rósanna toir agus troim.

Níl sé chomh héasca stoc plandlainne níos mó agus níos láidre, ar nós crainn 'mhóra chaighdeánacha' os cionn timpeall 14-16cm a bhriseadh, ach bíonn siad níos costasaí, níos deacra a phleanáil agus teastaíonn níos mó iarchúraim uathu.

Níl sé chomh héasca crainn a bhriseadh má úsáidtear cuaille crainn íseal atá níos lú ná aon mhéadar ar airde. Is féidir a dhearbhú go ndéanfar loitiméireacht má chuirtear sraith de chrainn bheaga le cuaille arda ar feadh cosáin nó má chuirtear crainn i spás oscailte, áit ar féidir iad a úsáid mar chuaillí do chluiche peile. Go hidéalach, ba chóir crainn a chur laistigh de limistéir ina bhfuil plandú toir suite seachas iad a chur i bhféar.

Ní bhíonn loitiméireacht chomh follasach nuair a chuirtear crainn i roschoill nó ina ngrúpaí, ar aon dul le plandú coillearnaí toisc nach mbíonn aon damáiste a rinneadh chomh feiceálach céanna. Ba chóir plandaí nua a chur in áit plandaí a ndearnadh damáiste dóibh mar gheall ar loitiméireacht láithreach bonn. Chomh maith leis sin, bíonn beaguchtach á chur ar loitiméireacht mar gheall ar ardchaighdeáin cothabhála. Ceann de na dóigheanna is éifeachtaí chun loitiméireacht a laghdú is ea rannpháirtíocht an phobail chun láithreacha plandaithe agus speicis a roghnú agus chun an plandú féin a dhéanamh, go háirithe i gcás daoine óga, agus chun daoine áitiúla a bheith ann chun gníomhú mar 'mhaoir chrainn' chun aire a thabhairt do na crainn trí uisce a chur orthu in aimsir thirim, lustain a bhaint agus snaidhmeanna crainn a sheiceáil.

### TAGAIRTÍ

Pobail áitiúla: Gníomhartha chun cuidiú le pailneoirí. **https://pollinators.ie/resources/**

## CRAINN

Gné a chuireann go mór le háit is ea crainn agus cuireann siad le carachtar, féiniúlacht, cuma agus folláine ár sráidbhailte agus bailte. Bíonn tionchar sóisialta nach beag acu trí shláinte daoine a fheabhsú, idirghníomhaíocht an phobail a mhéadú agus borradh a chur faoi luachanna réadmhaoine. Cuireann siad le bithéagsúlacht freisin agus tá ról ríthábhachtach acu maidir le hathrú aeráide a mhaolú. Is é an prionsabal treorach maidir le crainn a chur ná 'an crann ceart san áit cheart'.

## ÁITEANNA LE CUR

**Trí shuirbhé ar chrainn na háite a chur i gcrích** is féidir áiteanna oiriúnacha a aithint chun crainn a chur iontu mar aon leis na cineálacha crainn a roghnú. I measc na n-áiteanna a d'fhéadfadh bheith oiriúnach, áirítear ciumhaiseanna bóthair agus leataoibh; thart ar pháirceanna imeartha, scoileanna agus séipéil; carrchlóis, ionaid siopadóireachta, óstáin; páirceanna; gairdíní poiblí; spásanna oscailte in eastáit tithíochta; talamh gharbh agus talamh thréigthe; thart ar chuibhrinn agus i gcúinní cuibhreann; ar fhánaí géara; thart ar mhonarchana agus eastáit tionsclaíochta. D'fhéadfaí úinéirí réadmhaoine príobháideacha a spreagadh nó cuidiú leo crainn a chur ina ngairdíní tosaigh má bhíonn fadhbanna ann maidir le loitiméireacht nó easpa spáis.

**Cuardaigh suíomhanna ina bhféadfaí crainn cur leis an éifeacht fhísiúil**. Is féidir leas a bhaint as crainn chun aird a tharraingt ar radhairc, go háirithe ar chosáin cois abhann, nó ar fhoirgneamh ar nós séipéil nó teach cúirte.  Is féidir leo cur le limistéir thaitneamhachta nó eastáit tithíochta. Is féidir leo braistint an imfhálaithe a chur ar fáil trí radharc ag deireadh sráide a dhruidim nó trí ghníomhú mar 'mhaighdeog' fhísiúil agus iad ag fás ar choirnéal. Chomh maith leis sin, is féidir leo radhairc mhíofara a cur ó radharc, ar radharc ar dhrochfhoirgneamh, ar láthair thréigthe nó ar líonadh talún b'fhéidir. Is féidir leo an tionchar a bhíonn ag trácht agus páirceáil a mhaolú agus scáth a chur ar fáil in áiteanna oscailte nó i gcarrchlóis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh galar nó meath ar roinnt seanchrainn nó crainn lánaibí agus go mbeadh sé riachtanach crainn nua a chur in n-áit.
Smaoinigh freisin ar dheiseanna chun limistéir bheaga de choillearnach oscailte a chruthú ar spásanna oscailte. Tá siad sárluachmhar ó thaobh fiadhúlra de agus is féidir leo chur le luach agus suaithinseacht taitneamhachta na láithreach.

**Ba chóir suíomhanna ionchasacha i ndáil le plandú crainn a mheas** i dtaca le hoiriúnacht do chrainn nua agus gnéithe á dtabhairt san áireamh ar nós fóntais seirbhíse os cionn nó faoi bhun na talún, riachtanais sábháilteachta chun línte amhairc réasúnacha a chur ar fáil d'fheithiclí ar feadh bóithre agus ar chastaí, comharthaí bóthair agus soilse tráchta, an t-achar ó cholúin soilsithe sráide, spás le haghaidh fás corónach agus fréamhacha amach anseo, cóngaracht d'fhoirgnimh etc. Seachain nach gcuireann tú crainn faoi shreanga lasnairde, os cionn fóntais faoi thalamh nó ró-chóngarach do dhúshraitheanna nó ballaí foirgnimh. Coinnigh achar íosta 5m amach ó cholúin soilsithe sráide.

**I limistéir ina bhfuil pábháil agus dromchlaí crua,** bíonn sé níos fearr poill crainn a thógáil seachas crainn a chur i soithí plandaí ardaithe nó i gcoimeádáin. Nuair a bhíonn gá le poill crainn, ba chóir go mbeadh siad chomh mór agus is indéanta. Moltar crainn a chur ina ngrúpaí de shraith crann i bpoill crainn i líne d'fhonn méid níos mó ithreach chomhroinnte a chur ar fáil, seachas iad a chur i sraith de phoill bheaga aonair. Beidh éagsúlacht idir leagan amach agus sonraíocht mhionsonraithe na bpoll crainn ag brath ar an suíomh, an leagan amach agus an speiceas faoi leith agus ba chóir na riachtanais ar fad a phlé le soláthraí crann agus é a sheiceáil le hoifigeach tírdhreacha an Údaráis Áitiúil sula leantar ar aghaidh. Ní cheadaítear ach Údaráis áitiúla amháin chun crainn a chur ar chosáin phoiblí agus níor chóir tabhairt faoi aon oibreacha ar chosáin phoiblí riamh gan chead sainráite a fháil ón Údarás Áitiúil. Ní bhíonn gach cosán oiriúnach do chrainn mar gheall ar roinnt cúiseanna, ina measc sin, d'fhéadfadh an leithead, seirbhísí faoi thalamh nó saoráidí eile bheith ann nó d'fhéadfadh treochomharthaí nó comharthaí eile bheith i gceist.

Sa chás go moltar scéim feabhsaithe ríochta poiblí i leith baile nó sráidbhaile, ní mór go mbeadh oifigeach tírdhreacha an Údaráis áitiúil nó ailtire tírdhreacha rannpháirteach ón tús maidir le leagan amach na scéime lena chinntiú go bhfuiltear faoi réir mar is cuí do phlandú crainn sa talamh agus chun treoir theicniúil a chur ar fáil maidir le leagan amach agus sonraíocht na bpoll crainn atá á dtógáil. Ba chóir go mbeadh plandú crainn inbhuanaithe agus inmharthana mar aidhm leis atá in ann bheith faoi bhláth agus teacht in aibíocht le go mbeadh glúnta amach anseo in ann leas a bhaint as.

## AN SPEICEAS CRAINN CEART A ROGHNÚ

Braitheann an speiceas crainn a roghnaítear ar an gcuspóir atá leis, ar oiriúnacht na láithreacht plandaithe agus ar thréithe tírdhreacha áitiúla. Chomh maith leis sin, bíonn tionchar ag dálaí an tsuímh air sin, lena n-áirítear an cineál ithreach, draenáil agus cé chomh hoscailte is atá an suíomh don aimsir. Nuair atá crainn nua á gcur i mbailte agus sráidbhailte, tá rogha forleathan i gceist.

D'fhéadfadh crainn dhúchasacha agus crainn neamhdhúchasacha bheith oiriúnach do thimpeallachtaí uirbeacha. Go ginearálta, is fearr leas a bhaint as speicis dhúchasacha, ar nós darach agus fearnóige, ar imeall lonnaíochtaí toisc go meascann siad go maith leis an timpeallacht thuaithe agus toisc go gcruthaíonn siad éifeacht níos nádúrtha agus níos neamhfhoirmiúla mar aon le bithéagsúlacht a chur chun cinn. Treoir mhaith is ea eolas ar na plandaí a fhásann go maith ar láithreacha eile den chineál céanna ina aice láimhe. D'fhéadfadh roinnt speicis neamhdhúchasacha, go háirithe feá, castán agus teile, bheith oiriúnach freisin ar imeall lonnaíochtaí nó nuair atá siad ag teastáil chun carachtar na háite a chaomhnú. Bíonn speicis neamhdhúchasacha eile níos oiriúnaí le haghaidh plandú i limistéar uirbeach, sa tsráid-dhreach, i limistéir ghlasa agus i spásanna poiblí eile.

D'fhéadfadh roinnt speicis neamhdhúchasacha bheith in ann maireachtáil níos fearr i láithreacha neamhchosanta cois cósta ná speicis dhúchasacha, ar nós dair thoilm (i limistéir nach mbíonn sioc dian iontu).

D'fhéadfadh crainn a fhásann fréamhacha éadoimhne ar an dromchla, ar nós silíní ornáideacha, cur isteach ar chosáin agus ar dhromchlaí pábháilte agus bíonn sé níos oiriúnaí iad a chur i spásanna oscailte agus i limistéir ghlasa.

Nuair a chuirtear crainn chun cuma ascaille a bhaint amach ar feadh bóithre isteach agus i ndorchlaí iompair eile, ba chóir go mbainfeadh siad le speiceas amháin agus go mbeadh spásáil chomhsheasmhach i gceist ar feadh an bhealaigh.

Nuair is gá, faigh comhairle ó ghairmithe cuí (e.g. ailtirí tírdhreacha, crannadóirí nó ón bplandlann áitiúil) chun tuilleadh treoracha a fháil maidir le plandaí a roghnú agus gnásanna maidir le plandú.

## *Gnéithe eile le cur san áireamh:*

- Spás leordhóthanach ar fáil d'fhás na bhfréamhacha agus na corónach nuair atá aibíocht bainte amach. Leathann fréamhacha níos faide ná géaga an chrainn, aimsítear an chuid is mó de na fréamhacha sa 45cm is airde den ithir agus aimsítear an chuid is mó de na fréamhacha ionsúiteacha sa 15cm is airde den ithir.
- Baineann an-chuid logainmneacha in Éirinn le crainn nó easraíonn siad ó chrainn agus d'fhéadfaí sin a léiriú nuair atá speiceas crainn á roghnú e.g. ciallaíonn Gleann Beithe gleann ina bhfuil crainn bheithe
- Ba chóir airde agus leithead crainn amach anseo a chur san áireamh lena chinntiú go mbeidh sé oiriúnach do scála agus carachtar spáis agus na bhfoirgneamh mórthimpeall nuair a bheidh an crann lánaibí.
- Dath: Ba chóir crainn a bhfuil dath suaithinseach ar na duilleoga cosúil le coll corcra agus feá rua, mailp bhreachnaithe a úsáid go spárálach toisc go bhféadfadh na dathanna bheith iomarcach. Ba chóir sraitheanna de chrainn le duilleoga corcairdhearga a sheachaint toisc go bhféadfadh cuma gruama bheith orthu agus bíonn cuma gháifeach agus mínádúrtha ar dhuilleoga breachnaithe go minic. Ba chóir crainn a bhfuil carachtar faoi leith ag baint leo (e.g. feá rua) a úsáid mar eiseamal le neart spáis thart orthu.
- Ábhar spéise séasúrach: crainn a roghnú a mbaineann ábhar spéise leo ar feadh na bliana i.e. crainn a bhfuil coirt shuimiúil orthu, dathanna geala ar dhuilleoga san fhómhar, bláthanna, caitíní nó caora, agus speicis shíorghlasa i láithreacha cuí.
- Toradh, caora agus cnónna: Cuireann crainn ar nós crann cnó capaill, sceach gheall, caorthann agus fionncholl taispeántais tharraingteacha de thorthaí nó caora ar fáil. Cé go mbíonn siad an-oiriúnach i spásanna glasa nó i bhfearann páirce, d'fhéadfadh sé nach mbeadh crainn a thugann torthaí oiriúnach i sráideanna nó i limistéir do choisithe mar gheall ar chúiseanna sábháilteachta agus glantacháin.
- Tá méadú ag teacht ar líon na lotnaidí agus na ngalar a chuireann isteach ar chrainn. Cuirfear teorainn le héifeacht na mbagairtí seo trí spleáchas ar réimse cúng speiceas a sheachaint. Is féidir teacht aniar na gcrann a fheabhsú trí chur le hilchineálacht agus éagsúlacht na gcrann nua a chuirtear.
  Mar sin féin, i gcás go gcruthaíonn speiceas crainn den chineál céanna ascaill nó grúpa faoi leith mar chuid de shráid, ba chóir go mbeadh crainn nua nó crainn atá á gcur in ionad crainn eile bheith den chineál céanna nó an-chosúil leis an speiceas sin ar mhaithe le leanúnachas radhairc.
- Bain úsáid as crainn mhóra cheannbhrait má bhíonn an spás ar fáil lena n-aghaidh. Bíonn tairbhí comhshaoil i bhfad níos mó i gceist le speicis de chrainn mhóra do cheantair uirbeacha ná mar a bhíonn ag crainn bheaga.
- Luach maidir le fiadhúlra agus bithéagsúlacht - cuireann go leor crainn, ar nós teile, seiceamar, crann cnó capaill agus saileach foráiste den scoth ar fáil do bheacha.



## CRAINN DHÚCHASACHA A ÚSÁID

Nuair is oiriúnach, spreagtar crainn agus toir dhúchasacha a chur chun tacú le fiadhúlra. Ba chóir do choistí crainn dhúchasacha a fháil ó stoc a saothraíodh in Éirinn ó fhoinse síolta chomh logánta agus is féidir.

Nuair atá coillearnach mheasctha á cur, ba chóir réimse crann a chur thabhairt san áireamh seachas bheith ag brath ar aon speiceas amháin. Ba chóir crainn dhúchasacha a chur ar imeall an bhaile nó an tsráidbhaile, ach d'fhéadfadh crainn ornáideacha bheith oiriúnach do shráideanna agus gairdíní. Ní mór gan crainn ornáideacha a chur i limistéir thaitneamhachta nádúrtha ar nós bruacha abhann nó limistéir ina bhfuil luach fiadhúlra. D'fhéadfadh na liostaí seo a leanas cuidiú leat i ndáil leis sin:

| SPEICEAS | TRÁCHT |
|---|---|
| Fearnóg | Go maith i limistéir fhliucha, iontach don fhiadhúlra. |
| Caithne | Crann annamh: lasmuigh den Mheánmhuir, ní aimsítear é ach amháin in Éirinn. Toradh thar a bheith spéisiúil. |
| Fuinseog | Ar an drochuair, ní mholtar í a chur a thuilleadh mar gheall ar chríonadh siar fuinseoige. |
| Crann creathach | Crann an-thanaí nach maireann i bhfad. Is annamh a chuirtear. |
| Beith - Chlúmhach | Furasta a bhunú agus oiriúnach do limistéir fhliucha nó bhoga. |
| Beith - Gheal | Furasta a shaothrú agus is crainn ornáideacha iontacha iad. |
| Donnroisc | Oiriúnach do limistéir aolchloiche agus chnocánacha. Bláthanna fiáine agus toradh dubh. |
| Crann Silíní Fiáin | Fásann sé ar réimse éagsúil ithreacha, bíonn an-thóir air mar gheall ar na bláthanna áille agus fásann sé go bríomhar ag an tús. |
| Crann Fia-úll | Le fáil i gcoillearnach agus i bhfálta seach Fásann sé go híseal agus bíonn bláthanna bána air. |
| Leamhán Sléibhe | An choitianta mar chrann i bhfálta seach. Fásann sé go han-ard agus maireann sé i bhfad. |
| Coll | An-choitianta i seanchoillearnacha. Iontach d'fhiadhúlra agus oiriúnach i mbeagnach gach suíomh. |
| Cuileann | Crann atá fulangach do scáth a fhásann sa tsraith mheánach. An-luachmhar ach fásann sé go mall. |
| Dair Ghealach | An 'crann náisiúnta' agus an crann is fearr ar fad d'fhiadhúlra. Níl sé oiriúnach d'ithreacha atá thar a bheith trom. |
| Dair Ghallda (dair 'Shasanach' a thugtar air freisin i mBéarla) | Iontach d'fhiadhúlra. Ní oireann sé d'ithreacha riascacha ná d'ithreacha atá an-alcaileach. |
| Caorthann ('Mountain Ash' a thugtar air freisin i mBéarla) | Crann álainn tanaí atá coitianta anois mar chrann fearann páirce agus mar chrann sráide. |
| Péine Albanach | An t-aon chrann péine atá dúchasach don tír seo. Oiriúnach in ithreacha troma agus i limistéir cois cósta. |
| Fionncholl | Crann an-tharraingteach atá ann ach is minic a dhearmadtar é. Oiriúnach d'ithreacha éadroma agus gainmheacha. |
| Saileacha | Tá go leor speicis i gceist, saothraítear iad ar fad go furasta. Oiriúnach do limistéir fhliucha go háirithe. |
| Iúr | Crann coillearnaí a fhásann níos fearr in ithreacha ina bhfuil neart mianraí. Tá na duilleoga nimhiúil do bheostoc. D'fhéadfadh an iúr bheith ar an gcrann is fadsaolaí ar domhan. |

## AN MHÉID CHEART A ROGHNÚ

Maidir le plandú coillearnaí agus limistéir plandaithe ar scála mór, moltar trasphlanduithe foraoiseachta thart ar 600mm ar airde agus thart ar trí bliana d'aois a úsáid nó fuipeanna aon mhéadar ar airde a úsáid. Ní gá taca a chur leo agus bíonn siad níos saoire ná crainn mhóra ach bíonn níos mó cothabhála ag teastáil uathu chun iad a choinneáil saor ó fhiailí le linn na chéad bhlianta. Bíonn crainn chaighdeánacha ar a bhfuil gais ghlana níos oiriúnaí do phlandú eiseamail agus do shuíomhanna uirbeacha agus taitneamhachta. Bíonn gá le níos mó aire a thabhairt dóibh agus iad á gcur mar gheall ar an mhéid níos mó atá san fréamhacha.
De ghnáth, déanann plandlanna crainn a thomhas de réir a dtimpill, arb é sin imlíne an ghais agus é tomhaiste ag aon mhéadar ó leibhéal na talún.

Maidir leis an gcuid is mó de phlandú in áiteanna poiblí, bíonn crainn thart ar 2-3 méadar ar airde agus 10-16cm i dtimpeall oiriúnach. Beidh sé riachtanach cuaillí a chur leis na crainn seo. Beidh gas glan agus saor ó chraobhacha ar feadh 2 mhéadar ag teastáil maidir le crainn a chuirfear i sráideanna. Tá crainn a bhfuil timpeall níos mó orthu níos frithsheasmhaí ar loitiméireacht ach glacann siad tráth níos faide iad féin a bhunú agus bíonn aire faoi leith ag teastáil uathu maidir le huisciú. Ní thugtar údar leis an gcostas a bhaineann le crainn leath-aibí a roghnú (timpeall 20-25cm+) ach amháin i gcúinsí eisceachtúla nuair a bhíonn éifeacht láithreach ag teastáil.

## PLANDÚ

Déantar crainn fhréamhloma a chur nuair atá na crainn suanach, ó mhí na Samhna go mí an Mhárta, ach nuair nach bhfuil an ithir reoite nó faoi uisce.
Is féidir crainn a saothraíodh i gcoimeádán a chur ar feadh na bliana.

### Roinnt pointí barrthábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu agus tú ag cur ná:

- Ná lig do na fréamhacha ar chrainn fhréamhloma triomú amach le linn a n-aistrithe nó ar an láthair. Coinnigh iad clúdaithe le plaisteach nó clúdaithe le cré thais.
- Bí cinnte go bhfuil an poll plandaithe sách mór chun glacadh leis na fréamhacha agus iad leata amach go hiomlán.
- Ná cuir go ró-dhomhain iad. Coinnigh an 'marc ithreach' atá ag bun an ghais cothrom le leibhéal na talún.
- Cuir uisce ar an bplanda i gcónaí díreach i ndiaidh a churtha.
- Beidh sé riachtanach leas a bhaint as cuaille chun tacú le crann nuachurtha atá os cionn 2m chun croitheadh na gaoithe agus bogadh fréamhacha a sheachaint toisc go bhféadfadh siad sin cur isteach ar bhunú an chrainn.
- Is é an modh caighdeánach ná cuaille amháin a úsáid chun taca a chur faoi chrainn fhréamhloma agus cuirtear an cuaille isteach sula gcuirtear an crann féin. Ba chóir go mbeadh an cuaille thart ar thrian amháin d'airde an chrainn agus go gcuirfí é le taobh na gaoithe ionas go séidtear an crann ar shiúl ón gcuaille.
- Baintear leas as dhá chuaille i gcás crainn a saothraíodh i gcoimeádán nó i ndaba fréamhacha. Cuirtear dhá chuaille isteach i ngach aon taobh agus ceanglaítear iad leis an tamhan le snaidhmeáin fhada nó le maide trasna agus snaidhmeán. Bíonn an modh seo úsáideach ar láithreacha ina mbíonn sé gaofar freisin.
- Úsáidtear cuaille ar fiar do chrainn a chuirtear ar fána. Cuir cuaille isteach roimh nó i ndiaidh an crann a chur ag uillinn 45 céim, agus é cromtha i dtreo na gnáthghaoithe.

Ba chóir an crann a cheangal leis an gcuaille trí leas a bhaint as snaidhmeán solúbtha ar a bhfuil búcla chun é a dhaingniú agus a choigeartú. Is féidir na snaidhmeáin seo a scaoileadh de réir mar a thagann méadú ar thimpeall an chrainn. Bain úsáid as spásairí ionas nach mbeidh an gas agus an cuaille ag cuimilt in aghaidh a chéile. Ba chóir go mbeadh bearna thart ar 2.5cm idir an cuaille agus an crann. Déan cor an phionna sa snaidhmeán chun an crann a choinneáil leis an gcuaille, agus bíodh an spásaire idir an crann agus an cuaille, ina dhiaidh sin, ceangail an snaidhmeán leis an gcuaille le tairne.

Úsáid a bhaint as Sciatha Crainn: I roinnt limistéir uirbeacha, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le crainn a chosaint i aghaidh an bhaoil ar dhamáiste, bíodh sé ina dhamáiste d'aon ghnó nó damáiste trí thimpiste a bheadh i gceist. Tugann na sciatha crainn traidisiúnta atá déanta as miotail cosaint áirithe, ach cuireann siad luamhán ar fáil freisin ar a bhféadfaí crainn óga a bhriseadh agus ní hannamh a éiríonn siad ina ngaistí míofara bruscair. In ionad sciatha crainn a úsáid, moltar crainn a chur a bhfuil méid sách mór agus láidir

iontu, ina bhfuil timpeall an ghais idir 14-16cm ar a laghad agus tacaíocht a thabhairt don chrann le meicníocht cuaillí thart ar 1m os cionn na talún nó trí leas a bhaint as córas teannasóra agus ancaire faoi bhun na talún — íoslaghdaítear an damáiste is féidir a dhéanamh don chrann mar gheall ar an timpeall níos mó atá sa ghais in éineacht le cuaille íseal nó ancaire faoi bhun na talún. I gcás inar dócha go ndéanfaí damáiste mar gheall ar ionramháil feithiclí, mar shampla, i gcarrchlóis nó ar chiumhais ar a bpáirceáiltear feithiclí go hiondúil, ba chóir mullaird nó colbha ardaithe thart timpeall an phoill plandaithe a úsáid. I gcás ina n-úsáidtear sciatha crainn, ba chóir go mbeadh spás 150mm ag an mbun ionas go bhféadfaí bruscar a bhaint.

## IARCHÚRAM DO PHLANDAÍ NUACHURTHA

Tá sé ríthábhachtach aire a thabhairt do chrainn óga agus cothabháil a dhéanamh orthu. Teipeann ar go leor scéimeanna crainn a bhfuil dea-rún leo toisc nach gcuirtear iarchúram do na crainn óga san áireamh. Go minic, is smaoineamh maith é crann nó grúpa crann a shannadh do dhuine aonair, do theaghlach, nó do ghrúpa cónaitheoirí, do rang scoile nó do ghrúpa áitiúil ar nós Cumann na nGasóg, ICA, GAA, bothán na bhfear etc. D'fhéadfaidís mar sin, freagracht a ghlacadh as ucht cúrsaí cothabhála.

**D'fhonn go mbeadh crann seanbhunaithe, ba chóir cloí le clár cothabhála ar feadh an chéad dá shéasúr fáis ar a laghad, agus ar feadh cúig bliana i ndiaidh iad a chur go hidéalach. D'fhéadfadh an clár bheith bunaithe ar an seicliosta seo a leanas:**

- Ba chóir **uisciú** a chur i gcrích go rialta i gcaitheamh an chéad dá shéasúr fáis. Is minic a bhíonn tréimhse thirim i gceist ó mhí Aibreáin go mí an Mheithimh agus éagann go leor crainn nuacurtha le linn na tréimhse seo mar gheall ar easpa uiscithe. Le linn tréimhsí fada d'aimsir thirim, ba chóir an ithir atá thart ar chrainn óga a bhá go cuimsitheach gach aon tseachtain ar a laghad. Maidir le crainn atá leathaibí, lean den uisciú go ceann cúig bliana i ndiaidh iad a chur.

- Ba chóir **cuaillí crainn agus snaidhmeáin** a sheiceáil go rialta. D'fhéadfadh sé bheith riachtanach snaidhmeáin chrainn a choigeartú má éiríonn siad ró-theann, ba chóir cuaillí scaoilte a dhaingniú agus ba chóir snaidhmeáin nua a chur in ionad snaidhmeáin bhriste chomh luath agus is féidir chun damáiste don chrann a sheachaint. Ba chóir snaidhmeáin agus cuaillí a bhaint i ndiaidh dhá nó trí séasúir fáis, nó ag an tráth a bheidh an crann cobhsaí.

- **Coinnigh smacht ar fhás fiailí** trí chiorcal gan aon fhéar, fiailí nó plandaí eile ann a chaomhnú thart ar chrainn óga, ar feadh achair 1 mhéadar ar trastomhas ar a laghad. Trí sin a dhéanamh, laghdaítear iomaíocht i dtaca le huisce agus cothaithigh agus cosnaítear tamhan an chrainn ar dhamáiste mar gheall ar lomairí féir. 50-100mm de mhóta a chur síos chun teocht na hithreach a choinneáil fionnuar, uisce a choinneáil, agus chun fiailí a chosc. Cuir leis an móta de réir mar is gá.

- **Cuir leasú síos** más gá. Ná cuir leasú riamh ar chrainn atá faoi bhrú.

- **Bain** craobhacha marbha nó leonta ar an toirt.

- **Prúnáil mhúnlaitheach:** Baineann crainn óga, neamhaibí tairbhe as prúnáil i rith na mblianta múnlaitheacha. Ba chóir é seo a chur i gcrích i gcomhréir le dea-chleachtas crannadóireachta agus i gcomhréir leis an gCaighdeán Briotanach BS 3998: 2010 Obair ar Chrainn - Moltaí.
Baineann an obair le craobhacha atá ag fás trasna ar a chéile agus múnlaí a d'fhéadfadh bheith lag a bhaint d'fhonn cruth maith nádúrtha a bhaint amach mar aon leis an ngá a bheadh le prúnáil mhór a dhéanamh nuair a bheidh an crann lánaibí a laghdú. Nuair a bheidh na crainn seanbhunaithe, ba chóir nach mbeadh gá ach le fíorbheag prúnáil a dhéanamh ar chrainn, chun craobhacha ina bhfuil galar nó craobhacha marbha a bhaint nó chun ardú corónach a chur i gcrích. Is féidir na craobhacha ar chrainn cheannbhrait níos leithne a bhaint de réir a chéile, go hidéalach i gcaitheamh na chéad 6-10 mbliana, de réir mar a fhásann na crainn níos airde, chun an choróin a ardú agus gas glan 2.5m a bhaint amach ar deireadh thiar i limistéir do choisithe, 3m ar rotharbhealaí agus suas le 4.5m ar shráideanna agus ar bhealaí d'fheithiclí. Ba cheart go mbainfí cuma dheas chothrom agus nádúrtha amach mar gheall ar an bprúnáil ar fad.

## AIRE A THABHAIRT DO CHRAINN SHEANBHUNAITHE

Cuireann seanchrainn, crainn lánaibí agus crainn sheanbhunaithe go mór leis an gcarachtar agus féiniúlacht faoi leith a bhaineann le timpeallacht tírdhreacha agus is minic a bhíonn áit faoi leith acu i gcroí na ndaoine áitiúla. Dá bhrí sin, ní mór bainistiú cúramach a dhéanamh orthu chun fad saoil a chinntiú. Cé nach mbeidh idirghabháil ar bith nó idirghabháil bheag ag teastáil ón bhformhór, is éard atá sa méid seo a leanas nithe atá le tabhairt san áireamh i ndáil le bainistiú a dhéanamh orthu:

- **Meatháin a bhaint:** Tá claonadh ag crainn áirithe ar nós teilí meatháin a fhás a thagann amach ó chóras na bhfréamhacha ag bun an chrainn. D'fhéadfadh sé seo cur isteach ar shláinte an chrainn toisc go n-ídítear fuinneamh chun na péacáin seo a chruthú. Maidir le crainn ar thaobh an bhóthair, d'fhéadfadh meatháin bheith ina nguais radhairc ag úsáideoirí bóthair. Ba chóir meatháin a bhaint mar chuid den chothabháil bhliantúil.

- **Seachain plandaí a chur ag bun crann:** Ní mholtar an cleachtas maidir le plandaí ceapaí bliantúla ná plandaí eile a chur ag bun crann, toisc go gcuirtear isteach ar an gcrios fréamhaithe den chrann tríd an ithir a shaothrú agus poill plandaithe a thochailt. Chomh maith leis sin, bíonn plandaí ceapaí in iomaíocht le fréamhacha crann chun aer agus uisce a fháil. Chomh maith leis sin, ní mholtar ciumhaiseanna tógtha/ballaí do shoithí plandaí ach an oiread toisc go bhféadfaí fréamhacha a thachtadh agus meath an chrainn tarlú de bharr ithir a charnadh thart timpeall an chrainn.

- **Coirt an chrainn a chosaint ar dhamáiste:** Seachain úsáid a bhaint as bearrthóirí fiailí nó lomairí féir thart ar chrainn a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don choirt. Bain fiailí de láimh nó cuir móta san áit thart ar bhun an chrainn chun an fhadhb sin a sheachaint. De rogha air sin, fág féar níos faide thart ar ghrúpaí crann seanbhunaithe chun an méid gearradh féir a chaithfear a dhéanamh a laghdú. Ná feistigh comharthaí, bratacha nó nithe eile le tamhain na gcrann toisc go gcuireann tairní isteach ar an gcrann agus toisc go gcruthaíonn gach cneá bealach iontrála féideartha do mheath sa chrann.

- **Galar:** Bí airdeallach ar aon chomharthaí i ndáil le galar, brú nó meath agus, nuair is gá, faigh comhairle chuí ó chrannadóir cáilithe.

- **Eidhneán ar chrainn:** Cuireann eidhneán gnáthóg fhoscúil ar fáil do réimse fiadhúlra agus bíonn sé ina fhoinse iontach neachtair san fhómhar d'fheithidí agus ina fhoinse torthaí i ndeireadh an gheimhridh d'éin. Ní planda seadánach atá ann agus ní chuireann sé isteach go díreach ar shláinte na gcrann ar a bhfásann sé. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil greim faighte ag eidhneán ar chrainn óga, laga nó lánaibí, d'fhéadfadh sé bheith in iomaíocht le haghaidh uisce agus cothaitheach agus d'fhéadfadh sé fás sláintiúil a chosc. Mar gheall ar an tor tiubh a fhásann, ceiltear aon chuasa nó máchailí a d'fhéadfadh bheith sa chrann agus d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh don chrann mar gheall ar an ngaoth. Sna cásanna teoranta sin, d'fhéadfadh sé bheith riachtanach an t-eidhneán a bhaint ar mhaithe le cúiseanna bainistithe riosca. Níor chóir eidhneán a bhaint mar ghnás. Is planda dúchasach agus speiceas coillearnaí atá ann.

- **Prúnáil:** Ní chuireann seanchrainn suas le prúnáil chomh maith céanna le crainn óga agus ba chóir prúnáil neamhriachtanach a sheachaint. Níor chóir aon chraobh a bhaint ach amháin cúis mhaith a bheith leis.

  Faigh comhairle agus seirbhísí ó ghairmí cúraim crainn faoi árachas i dtaca le hobair mhór maidir le prúnáil, crainn ghuaiseacha, agus fadhbanna maidir le feithidí nó galar. Níor chóir do dhaoine nach gairmithe iad prúnáil a dhéanamh gar do shreanga fóntais.

- **An barr a bhaint de chrainn:** Ná bain an barr de chrainn chun an airde a laghdú toisc nach dea-chleachtas crannadóireachta é seo. Bíonn sé ina chúis le cneácha móra, fágtar crainn gan chosaint ar phataiginí meatha agus bíonn sé ina chúis lena meath fadtéarmach. Crann gránna is ea crann ar baineadh an barr de, atá curtha ó dhealramh fiú i ndiaidh dó fás an athuair, agus d'fhéadfadh sé bheith contúirteach freisin. Is minic a bhíonn an t-athfhás ar chrann i ndiaidh an barr a bhaint de níos dlúithe ná mar a bhí an choróin bhunaidh agus nach mbíonn sé ceangailte go daingean leis na craobhacha as a n-eascraíonn sé.

## CRANN A BHAINT

Gan amhras, beidh crainn, daoine agus an bonneagar i dtimpeallacht uirbeach ag teacht salach ar a chéile, a chruthaíonn brú maidir le crainn a leagan nó a phrúnáil chomh dian sin go mbíonn cuma mhíofar agus mháchaileach orthu ionas nach mbíonn siad inmharthana a thuilleadh san áit ina bhfuil siad. Níor chóir crainn, agus go háirithe crainn sheanbhunaithe agus lánaibí, a bhaint ó thírdhreach baile nó sráidbhailte ach amháin nuair atá sé riachtanach agus nuair nach bhfuil aon rogha eile ar fáil, agus nuair nach féidir an fhadhb a réiteach go réasúnach le réitigh innealtóireachta cuí nó le beart maolaithe eile. Mar shampla, is minic is féidir crainn agus fréamhacha crainn a chur san áireamh nuair a bhíonn cosáin á ndeisiú. Nuair atá fréamhacha ag gobadh amach, d'fhéadfadh sé bheith indéanta na fréamhacha a phrúnáil, nó d'fhéadfaí an cosán a chur síos an athuair le hábhar solúbtha ar nós asfailt chun dromchla mín a chur ar fáil nó trí leas a bhaint as coincréit threisithe nó as réitigh innealtóireachta eile. Ba chóir tuairim shaineolaíoch a lorg ó oifigeach tírdhreacha an Údaráis Áitiúil nó ó chrannadóir cáilithe sula mbainfear crann seanbhunaithe nó lánaibí de limistéar poiblí.

### TAGAIRTÍ

Tá rogha leathan litríochta ar fáil ina dtugtar faisnéis agus treoir maidir le crainn a roghnú, a chur agus a chothabháil trí do leabharlann áitiúil agus trí fhoinsí idirlín. **https: //www.clarecoco.ie/services/environment/publications/buds-of-the-banner-a-guide-to-growing-native-trees-and-shrubs-in-clare-10116.pdf**

## SCÉIMEANNA MAIDIR LE TOIR AGUS ILBHLIANTÓGA A CHUR

Bíonn an éifeacht is mó ag ceapaí plandaí nuair a thugtar meascán maith de thoir agus de bhláthanna ilbhliantúla le chéile i scéim atá deartha go maith ar mhaithe le héifeacht ar feadh na bliana. Ba chóir plandú tor agus ilbhliantóg a thabhairt isteach go haireach i dtírdhreach baile nó sráidbhaile d'fhonn na tairbhí aeistéitice a uasmhéadú gan riachtanais cothabhála neamh-inbhuanaithe a chruthú.

### Leagan Amach:

D'fhonn ábhar spéise agus struchtúr a chinntiú i gcaitheamh na bliana ar fad, ba chóir cothromaíocht a aimsiú idir meascán de phlandaí síorghlasa agus duillsilteacha, agus plandaí á roghnú ar mhaithe lena nduilleoga, bláthanna, coirt agus éifeachtaí eile. I dtaca le leagan amach an phlandaithe, ba chóir leas a bhaint as codarsnachtaí agus cosúlachtaí i ndáil le cruth, uigeacht agus dath chun taispeántais físe shuntasacha agus tharraingteacha a chruthú. Chun an éifeacht is fearr a bhaint amach, is fearr i gcónaí ilbhliantóga agus toir bheaga a chur ina ngrúpaí, agus leas á bhaint as 3-5 cinn den chineál céanna in éineacht lena chéile, nó níos mó ná an líon sin a úsáid más gá, ar mhaithe le talamh a chlúdach laistigh d'achar mór. Chomh maith leis sin, ba chóir go gcuimseodh an scéim rogha maith de phlandaí atá lán de neachtar agus pailin chun foinse bia a chur ar fáil d'fheithidí pailnitheacha ón earrach go dtí an fómhar. Bíonn siad i bhfad níos tarraingtí do bheacha agus féileacáin, go háirithe nuair a chuirtear iad ina mbloic seachas nuair a chuirtear iad ina n-aonar.

**D'fhéadfaí toir a chur mar shraith mheánach in éineacht le crainn a phlandú nó d'fhéadfaí iad a chur astu féin nó in éineacht le hilbhliantóga nó bliantóga.**

Ní mór go mbeadh gach speiceas a roghnaítear ina speiceas atá righin, nach mbíonn mórán aire le tabhairt dó, sách crua agus sách láidir le go mairfeadh sé i limistéir phoiblí. Níor chóir go mbeadh ceapacha plandaithe cothrom le pábháil i limistéir do choisithe, ba chóir go mbeadh siad ardaithe chun cosc a chur ar choisithe bheith ag siúl orthu. Bíonn ceapacha atá lonnaithe gar do shiopaí agus bialanna beir leat uafásach ó thaobh bruscair de. Má bhíonn plandú toir ag teastáil i limistéir dá leithéid, ba chóir iad a chur ina soithí plandaí ardaithe, ach ní mór go mbeadh siad mór le go mbeadh éifeacht acu.

Nuair atáthar i mbun pleanála, ní mór an méid ama agus acmhainní a bheidh ag teastáil chun aire a thabhairt don limistéar plandaithe a chur san áireamh. Ní bhíonn an oiread riachtanais chothabhála i gceist le toir agus ilbhliantóga ná mar a bhíonn i gceist le bláthanna bliantúla. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm scéimeanna nach mbeidh mórán cothabhála le déanamh leo a leagan amach a bheidh fós oiriúnach nuair a bheidh an airde uasta bainte amach agus dá bhrí sin, nach mbeidh prúnáil le déanamh orthu ar bhonn rialta. Laghdófar an chothabháil tuilleadh má chuirtear toir in ithir ghlan ina bhfuil na fiailí ilbhliantúla ar fad bainte amach. Ní mór go mbeadh an ithir draenáilte go maith, nach mbeadh sí balctha agus go mbeadh ábhar cothaitheach maith inti. Is féidir ábhar orgánach a chur leis an ithir. De ghnáth, ní bhíonn gá le leasú a chur ar an ithir.

Braitheann an speiceas crainn, toir agus ilbhliantóige a roghnaítear ar an gcuspóir atá leis an scéim plandaithe, ar oiriúnacht na láithreach plandaithe agus ar thréithe tírdhreacha áitiúla. Tá rogha forleathan i gceist. D'fhéadfadh crainn dhúchasacha agus crainn neamhdhúchasacha araon bheith oiriúnach do thimpeallachtaí uirbeacha. Oibríonn speicis aonair ina mbloic shoiléire go maith, ina gcairn mhóra nó measctha lena chéile i maitrísí, d'fhonn ábhar spéise a chur ar fáil ar feadh séasúir fhada.
D'fhéadfadh na plandaí a roghnaítear téama nó téama datha a leanúint. D'fhéadfadh toir, bleibíní, féara ornáideacha, raithneach, débhliantóga, bliantóga agus ilbhliantóga bheith sna comhpháirteanna, lena n-áirítear speicis a mbíonn cinn síolta tarraingteacha orthu. Cur chuige an-úsáideach agus láidir le haghaidh colbhaí agus limistéir tréanúsáide is ea leas a bhaint as toir shíorghlasa a fhásann go híseal. Nuair atá plandaí á gcur agus á spásáil, tabhair an airde agus leithead i ndeireadh báire san áireamh agus bíodh sé mar aidhm agat taispeántas cothrom a bhaint amach lena mbainfear clúdach maith cothrom amach de réir mar a thagann an taispeántas in aibíocht. Ba chóir go mbeadh méid agus cruth ar na plandaí atá oiriúnach don láthair ina gcuirfear iad agus níor chóir go gcuirfeadh siad isteach ar chosáin ná go gcuirfeadh siad bac ar línte amhairc seachas sa chás gur bacainní iad a cuireadh isteach don chuspóir sin d'aon ghnó.

Nuair is gá, faigh comhairle ó ghairmithe cuí (e.g. ó ailtirí tírdhreacha nó ón bplandlann áitiúil) chun tuilleadh treoracha a fháil maidir le plandaí a roghnú agus gnásanna maidir le plandú.

## TOIR DHÚCHASACHA A ÚSÁID

Nuair is oiriúnach, spreagtar crainn agus toir dhúchasacha a chur chun tacú le fiadhúlra. Liosta de thoir dhúchasacha is ea an méid seo a leanas:

| SPEICEAS | TRÁCHT |
|---|---|
| Draighean | Planda an-choitianta i bhfálta sceach. Bláthanna áille agus luachmhar d'éin. Saothraítear é go furasta. |
| Dris | Planda thar a bheith coitianta. Is minic a chaitear leis mar fhiaile ach bíonn an-tábhacht ag baint leis do go leor speiceas. |
| Giolcach shléibhe | Tor a mbíonn bláthanna buí air, go maith le haghaidh clúdach i rith an gheimhridh. Fásann sé in ithreacha gainmheacha agus cois farraige. |
| Paide bréan | Tá dhá speiceas in Éirinn i gceist, agus bíonn toradh suimiúil orthu araon. |
| Feirdhris | Planda an-choitianta i bhfálta sceach agus tá tábhacht leis d'fheithidí agus éin. |
| Trom | Crann coitianta a fhásann i bhálta sceach agus i gcoillearnach. Iontach d'éin. |
| Aiteann | Tor coitianta agus forleathan a fhásann in go leor cineálacha ithreach. Bíonn bláthanna air ó cheann ceann na bliana. |
| Caor chon | Crann beag a bhaineann le fine an fhéithlinn. Duilleoga, bláthanna agus torthaí an-tarraingteach. Bíonn sé ag fás i ngach áit. |
| Sceach gheal | An crann is coitianta in Éirinn. An-luachmhar mar phlanda i bhfál sceach agus d'fhiadhúlra. |
| Féithleann | Planda a bhaineann le coillearnacha atá éasca a bhunú. An-luachmhar d'fheithidí agus d'ialtóga. |
| Eidhneán | Ceann de na plandaí is coitianta sa tír seo. Tá an-tábhacht ag baint leis d'éin agus d'ialtóga agus mar phlanda a chuireann clúdach ar fáil. |
| Aiteal | An buaircíneach is lú sa tír seo. Tá na buaircíní cosúil le caora, fásann sé go híseal agus tá sé neamhghnách. |
| Crann feorais | Planda fíneálta a dhearmadtar go héasca agus a fhásann sa tsraith mheánach i gcoillearnach. Torthaí áille. |

**Cothabháil:** Beidh gortghlanadh, prúnáil agus baint bruscair ag teastáil i dtaca le scéim plandaithe a bhaineann le toir, ilbhliantóga nó meascán den dá rud nó i limistéar inar cuireadh plandaí mar chlúdach talún. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé go gcaithfear uisciú a chur san áireamh le linn tréimhsí tirime. Fág gais mharbha ar phlandaí ilbhliantúla ar feadh an gheimhridh toisc go dtugann siad cosaint do na plandaí, cuireann siad bia agus gnáthóg agus ábhar neadaithe ar fáil d'fhiadhúlra, cuireann siad cosc ar shíolta fiailí bheith ag péacadh agus cuireann siad leis an ábhar orgánach. Is féidir na duilleoga marbha a bhaint san earrach trí ollphrúnáil a dhéanamh go thart ar 10cm ar airde nuair atá fás nua ag teacht chun cinn. Is féidir ábhar orgánach ar nós muirín a chuir leis le go mbeadh bail mhaith ar an ithir i gcónaí.

## Ba chóir go mbeadh na cuspóirí seo a leanas ina gcuid de chlár cothabhála do cheapach plandaithe.

- Ba chóir go bhfásfadh na plandaí ar fad go tréan agus go sláintiúil.
- Déanfar ábhar atá briste, marbh nó galrach a bhaint ar an toirt agus ábhar nua a chur ina áit sin más gá.
- Ciumhaiseanna leagtha amach go slachtmhar
- An ceapach coinnithe saor ó fhiailí nó bruscar nó smionagar Limistéar saor ó fhiailí a chothabháil go meicniúil / de láimh. Na bain úsáid as luibhicíd.
- Plandaí luibheacha a bhaint agus a roinnt ag na tráthanna cearta chun bláthú maith agus fuinneamh a choinneáil
- Níor cheart ach a laghad prúnála agus is féidir a dhéanamh agus go mbeadh an phrúnáil i gcomhréir le dea-chleachtas gairneoireachta agus i gcomhréir leis an gcineál speicis. Ba cheart go bhfágfadh an phrúnáil ar fad plandaí le cuma dheas chothrom agus nádúrtha, gan aon línte díreacha ná dromchlaí uilleacha. Aon fhásra a bhriseann isteach ar chosáin a ghearradh siar.
- Nuair a úsáidtear scannán chun fiailí a chosc/éadach tírdhreachaithe, nach bhfuil sé nochta ná le feiceáil.
- Nuair a úsáidtear ábhar móta ar an dromchla, go bhfuil sé leata amach go cothrom agus go gcuirtear leis de réir mar is gá go dtí an doimhneacht mholta 50-100mm. Coinnigh saor ó fhiailí agus fungas.

## FIAILÍ A RIALÚ GAN CHEIMICEÁIN

Is féidir fiailí i limistéir phlandaithe a rialú gan dul i muinín fiailnimheanna. Braitheann bearta rialaithe cultúrtha nó orgánacha ar fhiailí a mharú nó a chosc trí ghníomh fhisiceach, ó iad a bhaint de láimh go hiad a phlúchadh, a dhó agus bacainní fiailí a úsáid.

Iad a bhaint de láimh, iad a ghlanadh le grafóg nó iad a thochailt amach le píce: Bain fiailí bliantúla de láimh sula gcuireann siad síolta

Mótáil: bain úsáid as mótaí orgánacha doimhne ar nós coirte nó sliseanna adhmaid chun fiailí thart ar phlandaí a phlúchadh. D'fhonn go mbeadh sé éifeachtach i gcónaí, cuir leis an móta le go mbeadh doimhneacht 50-100mm ann. Coinnigh gais adhmadacha glan ar an móta chun lobhadh a chosc.

Dlúthphlandú: Bíonn dlúthphlandú an-éifeachtach in aghaidh fiailí. Is réiteach maith fadtéarmach é seo toisc go mbeidh níos lú agus níos lú spáis ag fiailí de réir mar a thagann an tírdhreachadh in aibíocht agus de réir mar a thagann méadú ar na plandaí.

Éadaí chun cosc a chur ar fhiailí: De ghnáth, déantar iad as snáitheanna plaisteacha atá greamaithe nó fite lena chéile, agus is féidir iad a chur síos ar ithir a glanadh le gairid chun athfhás fiailí a chosc mar aon le bunú fiailí nua a chosc. Cuirtear an plandú i gcrích trí chrosa a ghearradh san éadach agus an planda a chur trí na scoilteanna sula gclúdaítear an láthair ar fad le móta, coirt nó gairbhéal. Baineann buntáistí agus míbhuntáistí lena úsáid. Ar an taobh dearfach den scéal, laghdaítear fás na bhfiailí agus dá bhrí sin, ní bhíonn an oiread céanna cothabhála ag teastáil. Mar sin féin, cailleann an t-éadach a thréscaoilteacht le himeacht ama. Scarann an bhacainn an ithir ó aon ábhar orgánach nó cothaithigh a bhrisfeadh síos go nádúrtha isteach san ithir agus cuireann sé cosc ar phéisteanna talún agus ar aon orgánaigh thairbheacha eile san ithir teacht ar ábhar orgánach ar an dromchla agus é a mheascadh isteach níos doimhne san ithir. I ndiaidh tamaill, cailleann an ithir dhlúite atá faoi bhun na bacainne struchtúr agus tréscaoilteacht, agus féadann sé sin cur isteach ar fhréamhacha plandaí agus meath na bplandaí mar gheall ar easpa aeir agus uisce nó sa chás go n-éiríonn an ithir faoi bhun na bacainne báite le huisce. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh cuma mhítharraingteach agus mhíshlachtmhar bheith ar an áit má éiríonn an móta gann nó má bhogann sé agus go nochtar píosaí den éadach.

### Tagairtí

Tá neart ábhair foilsithe maidir le dearadh le toir agus ilbhliantóga agus faoi theicnící cothabhála ar fáil trí do leabharlann áitiúil agus ó fhoinsí idirlín.

## TAISPEÁNTAIS DE CHEAPACHA ILBHLIANTÓG

Is éard is bliantóg ann ná planda a éagann ag deireadh an tséasúir fáis e.g. Beagóinia agus, Goirmíní. Ní mór bliantóga a shaothrú ón síol gach aon bhliain agus dá bhrí sin, bíonn níos mó oibre agus acmhainní i gceist leo chun go mbeadh dathanna deasa ar fáil le linn an tsamhraidh. Bíonn taispeántais de cheapacha ilbhliantóg ina ngnéithe tírdhreacha atá costasach agus a mbíonn leibhéal ard cothabhála i gceist leo.

Moltar, nuair is féidir, go n-úsáidfí scéimeanna plandaithe de thoir agus ilbhliantóga mar rogha malartach ar bhliantóga chun cur leis an tírdhreachadh i limistéir phoiblí. Cé go mbíonn a gcuid impleachtaí cothabhála féin ag baint leis na scéimeanna seo, is ionann iad agus infheistíocht níos fadtéarmaí agus cur chuige níos inbhuanaithe i ndáil le plandú nuair a chuirtear iad i gcomparáid le ceapacha de bhliantóga. Is ionann an deis chun toir agus ilbhliantóga a chur in éineacht le bliantóga agus cur chuige nach bhfuil chomh dian céanna ach ar cur chuige éifeachtach é.

Mar sin féin, tuigtear go bhfuil ról ag taispeántais de cheapacha ilbhliantóg chun roinnt láithreacha a mhaisiú laistigh de bhailte agus sráidbhailte agus go gcuireann siad buaicphointí séasúracha ar fáil. Moltar go ginearálta gur chóir a n-úsáid a shrianadh do chroíláir bharrthábhachtacha ar na príomhbhealaí agus sna spásanna is tábhachtaí i mbaile nó sráidbhaile ar mar gheall ar a láithreacht a chuireann siad tábhacht na háite sin in iúl. Tríd sin, cuirfear lena n-éifeacht in ionad an plandú a scaipeadh go ró-thanaí ar fud an cheantair. Bíonn níos mó pleanála i gceist maidir le dathanna le linn an tsamhraidh a bhaint amach gan leas a bhaint as na ceapacha traidisiúnta bliantóg, ach spreagtar coistí smaoineamh ar an gcaoi seo mar chur chuige níos inbhuanaithe i ndáil le tírdhreachadh.

Ní mór smaoineamh go cúramach ar na téamaí dathanna do cheapacha plandaí agus taispeántais bliantóg toisc go bhféadfadh scéimeanna ina bhfuil dathanna láidre cur isteach ar thimpeallachtaí níos nádúrtha. Ba chóir go mbeadh scéimeanna dathanna oiriúnach don timpeallacht, mar shampla, d'fhéadfadh scéimeanna spleodracha bheith oiriúnach ar phríomhshráideanna gnóthacha agus i láir bhailte, ach ba chóir go mbeadh scéimeanna plandaithe gar do choillearnach nó i bpáirceanna cois abhann níos nádúrtha agus níos oiriúnaí.

Is beag pailine nó neachtair a bhíonn ag plandaí bliantúla traidisiúnta do cheapacha ar nós Geiréiniam, Beagóinia, Busy Lizzy agus Peatúinia agus ní fiú mórán iad do phailneoirí. Má tá tú i mbun plandaí ceapaí a roghnú, ná roghnaigh hibridí F1 agus F2. Má tá tú chun leas a bhaint as bliantóga, ba chóir duit triail a bhaint as cineálacha cumhra aonbhláthacha a roghnú. D'fhéadfadh foinse bhia thar cionn bheith ar fáil do phailneoirí má chuirtear iad ina mbloic.

## COIMEÁDÁIN PLANDAÍ

Féadann taispeántais dhea-chumtha, dhea-choinnithe i gcoimeádáin scala áille de dhathanna, fuinneamh agus iontas a chur ar fáil i dtírdhreacha uirbeacha. Chomh maith leis sin, is féidir iad a úsáid go straitéiseach chun spásanna i limistéir phoiblí a leagan amach agus a chríochú, chun radhairc mhíofara a cheilt nó a chur ó radharc nó fiú chun láithreacha barrthábhachtacha a fheabhsú i mbaile nó sráidbhaile. Níor chóir soithí plandaí agus bláthchiseáin ar chrochadh a shuiteáil in áiteanna ina gcuirfeadh siad isteach ar amharclínte ná in áiteanna ina mbeadh siad ina mbacainn fhisiceach. Níor chóir iad a úsáid chun éifeacht a chur ar fáil ach amháin nuair nach féidir iad a chur go díreach isteach sa talamh.
Mar shampla, ní mheastar gur cuí coimeádáin plandaí a leagan síos in áiteanna atá faoi fhéar.

D'fhéadfaí bliantóga séasúracha, ilbhliantóga, toir, plandaí inite nó meascán díobh sin a chur san áireamh i scéimeanna plandaithe do choimeádáin. Ní bhíonn crainn oiriúnach do phlandú i gcoimeádáin toisc nach féidir a mbeocht agus fad saoil a choimeád ag imeacht faoi dhálaí saothraithe atá chomh teoranta sin. Nuair a bhíonn plandaí le roghnú, smaoinigh ar chothromaíocht idir plandaí buana/ ilbhliantúla vs. plandaí séasúracha/ ceapaí agus uainiú na dtaispeántas.



D'fhonn taispeántais dhea-chumtha, flúirseacha a chruthú i gcoimeádáin, smaoinigh ar an gcoincheap 'Thriller, Filler, Spiller' a chur i bhfeidhm. Is éard atá i gceist le 'Thriller' ná croílár láidir i gcoimeádán plandaí, a chuirtear go minic sa lár nó sa taobh thiar chun gné ingearach fheiceálach a chur ar fáil. Go hiondúil, bíonn sé ar an bplanda is airde agus beidh dathanna duilleoige, struchtúr nó bláthanna suntasacha air. Baineann 'filler' le plandaí níos cruinne nó níos carntha a chuireann leis an bplanda 'thriller' agus a chuireann cuma lán ar an gcoimeádán.
Go hiondúil, cuirtear iad seo chun tosaigh nó thart timpeall an phlanda 'thriller'. Is éard is 'spiller' ann ná planda sraoilleach a shileann thar chiumhais an choimeádáin.

Níor cheart do dtarraingeodh an coimeádán féin mórán airde ach amháin mar gheall ar na plandaí tarraingteacha a cuireadh ann. Ba chóir go mbeadh soithí plandaí, boscaí bláthanna ar crochadh agus bláthbhoscaí fuinneoige go maith ó thaobh cáilíochta agus reachta de, agus go mbeadh méid chuí iontu mar aon le stíl agus dath cuí orthu don timpeallacht. Smaoinigh ar choimeádáin a chomhordú le troscán sráide eile ó thaobh dathanna, stíle de etc. Spreagtar leas a bhaint as taispeántais coimeádán atá cruthaitheach agus samhlaíoch. Mar sin féin, seachain nach n-úsáidtear gnéithe nach dtagann le carachtar thírdhreach na háite e.g. úsáid a bhaint as coimeádáin plandaí neamhghnácha ar nós báid nuair nach bhfuil aon cheangal follasach ag an gceantar leis an bhfarraige/uisce. Ba chóir go mbeadh caidreamh comhréireach ann idir méid an choimeádáin agus méid na bplandaí a úsáidtear; ní bhíonn mórán d'éifeacht ag plandaí beaga i gcoimeádán mór.

D'fhéadfaí spreagadh a fháil ó thimpeallacht an tírdhreacha maidir leis an réimse dathanna a úsáidfear do scéimeanna plandaithe. D'fhéadfadh cuid mhór dathanna bheith iomarcach. Is féidir éifeacht láidir a bhaint amach má úsáidtear plandaí den dath céanna agus bláthanna den chineál céanna sna coimeádáin plandaí ar fad ar shráid nó i gcearnóg.

Seachain an iomarca leasa a bhaint as bláthchiseáin ar crochadh, bláthbhoscaí fuinneoige agus dabhcha bláthanna. Ba cheart tosaíocht a thabhairt don cháilíocht seachas don chainníocht. Go minic, is féidir éifeacht níos fearr a bhaint amach trí choimeádáin a chur ina ngrúpaí ag croíláir bharrthábhachtacha, seachas coimeádáin aonair a leagan síos agus iad scaipthe amach ar fud limistéir níos leithne. Chomh maith leis sin, laghdaítear an t-ualach i dtaobh cúrsaí cothabhála má dhéantar an úsáid a bhaintear as coimeádáin a theorannú nó a chomhdhlúthú.

Ar an dóigh chéanna, d'fhéadfadh bláthbhosca nó ciseán amháin nó dhó bheith i bhfad níos éifeachtaí ná ceann suite ar gach aon leac fuinneoige. Níor chóir go gcuirfeadh bláthbhoscaí fuinneoige, bláthchiseáin ar crochadh ná dabhcha bláthanna isteach ar shláine bhunúsach ailtireachta nó ar dhearadh foirgnimh riamh. Ba é ba chóir a thabhairt faoi deara sa chéad áit ná éifeacht an fhoirgnimh agus ní na bláthanna.

Nuair atá plandaí á gcur i gcoimeádáin, nuair is féidir é, bain úsáid as meáin fáis nach bhfuil bunaithe ar mhóin, ar nós meascáin potaithe atá saor ó mhóin, dramhaíl ghlas chuí athchúrsáilte nó múirín duilliúir atá lofa go maith. Chomh maith leis sin, cuir bearta san áireamh maidir leis an ngá le huisciú a laghdú.

Ba chóir go mbeadh bláthchiseáin ar crochadh suiteáilte go sábháilte agus go daingean agus nach mbeadh siad ina mbacainn. Ba chóir go mbeadh bláthbhoscaí fuinneoige suiteáilte go slán sábháilte. Ba chóir aon daingneáin nó fearais ar nós bracanna do bhláthchiseáin nach bhfuil á n-úsáid a thuilleadh a bhaint.

## Cothabháil

Bíonn tionchar diúltach ag coimeádáin a bhfuil plandaí marbha nó plandaí ag fáil bháis iontu nó ag coimeádáin nach bhfuil mórán plandaí iontu. Ba chóir go mbeadh sé mar chuspóir ag réimeas cothabhála rialta plandaí sláintiúla, fuinniúla a chinntiú, gan aon dealramh follasach ar lotnaidí, galair ná easnaimh. Ba chóir aon phlandaí marbha nó plandaí a ndearnadh damáiste dóibh a bhaint agus plandaí nua a chur ina n-áit.
Ba chóir go dtabharfaí a dhóthain uisce do na coimeádáin, agus nach mbeadh aon fhiailí ná smionagar iontu. D'fhéadfadh cothú cuí bheith riachtanach. Ba chóir bláthanna feoite a bhaint go rialta chun bláthanna seargtha a bhaint agus cuma fuinniúil agus úr ar thaispeántais a chaomhnú.






Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

## TÍRDHREACHA INITE

Baineann tírdhreach inite le biaphlandaí a thabhairt isteach i dtírdhreach. I measc na suíomhanna ina bhféadfaí plandaí inite a chur, d'fhéadfaí limistéir ghlasa poiblí, páirceanna, fearann eaglaise nó scoile, taobh le páirceanna spóirt, ar feadh bóithre isteach, laistigh d'eastáit tithíochta, láithreacha tréigthe nó láithreacha talún nach bhfuil á úsáid. D'fhéadfaí a áireamh leis an réimse plandaí inite crainn torthaí, toir chnónna, toir bhogthorthaí, plandaí dreaptha torthaí, glasraí ilbhliantúla, bláthanna inite agus luibheanna. Is féidir na plandaí seo a úsáid ar mhaithe lena luach aeistéitice mar aon le hiad a ithe agus beidh tairbhí i gceist leis maidir le rannpháirtíocht an phobail agus maidir le hoideachas i dtaca le bia a shaothrú. Tá siad ina bhfoinse bia áitiúil, séasúrach atá saor ó cheimiceáin agus sláintiúil agus is buntáiste mór iad d'fheithidí, éin agus fiadhúlra eile.

Tá go leor bealaí inar féidir plandaí inite a thabhairt isteach sa tírdhreach. Mar shampla, i láithreacha ina bhfuil fál neamhfhoirmiúil ag teastáil, smaoinigh ar fál sceach inite a shaothrú chun dul ar thóir foráiste. Seans go n-áireofaí leis sin speicis dhúchasacha amhail coll, draighean, trom, crann fia-úll, daimsín agus dris nó sméara dubha in éineacht le saothróga gairdín de chuiríní, spíonáin agus sútha craobh. D'fhéadfadh balla foscúil a bhfuil a aghaidh ó dheas agus a bhfuil clúdach de dhíth air bheith ina láthair fhoirfe chun crann figí, *Ficus carica*, a chur. D'fhéadfaí crann cnó capaill, *Castanea sativa* nó crann gallchnó a chur san áireamh mar chrann ard is díol spéise i limistéir mhóra ghlasa.

Mar rogha malartach ar thaispeántais bláthanna traidisiúnta, smaoinigh ar choimeádáin a chur le luibheanna agus le bláthanna inite, atá lán de dhathanna, bolaithe agus spéis d'fhiadhúlra mar aon le luibheanna cócaireachta a chur ar fáil do chistineacha áitiúla. Tá an chuid is mó de luibheanna de bhunadh na Meánmhara agus beith rath orthu i láithreacha atá suite ar aghaidh na gréine. D'fhéadfadh tú paiste a chur in áirithe fiú do phlandaí inite dúchasacha amhail samhadh bó, *Rumex acetosa,* agus caisearbhán, *Taraxacum officinale.* Cé gur minic a mheastar iad bheith ina 'bhfiailí', is féidir iad seo a ithe mar dhuilleoga sailéid.

D'fhéadfaí úllord pobail, gairdín luibheanna nó gairdín pobail a fhorbairt mar chuid de thionscadail saothraithe bia níos foirmiúla a thabharfadh deis do chónaitheoirí na háite teacht in éineacht lena chéile lena gcomharsana agus cairde chun torthaí, glasraí agus plandaí eile a shaothrú.

## ÚLLORD POBAIL A CHUR

Acmhainn iontach is ea úllord laistigh de phobal a chuireann ar chumas daoine teacht le cheile chun crainn torthaí a chur agus a shaothrú ar mhaithe le gach duine den phobal.
Bíonn deis iontach ag baint le húlloird phobail i ndáil le scileanna nua a fhoghlaim - sconsaí a thógáil, bheith ag faire ar fhiadhúlra, scileanna gairneoireachta a gnóthaíodh mar gheall ar phrúnáil agus cothabháil a dhéanamh ar na crainn torthaí mar aon le scileanna maidir le subh agus sú torthaí a dhéanamh. Chomh maith leis sin, is féidir iad a úsáid mar chroílár do ghníomhaíochtaí pobail ar nós lá nó féile na n-úll, imeachtaí scéalaíochta, taispeántais maidir le torthaí a shaothrú nó mar thearmann glas inar féidir scíth a ligean. Is féidir an réimse iomlán torthaí agus cnónna traidisiúnta a shaothrú, lena n-airítear úill, piorraí, daimsíní, cnónna coill agus gallchnó.

### Ceisteanna Barrthábhachtacha le Cur san Áireamh

- **An láthair a roghnú:** Láithreacha fothainiúla, grianmhara, lena n-aghaidh ó dheas nó thiar theas atá ar na láithreacha is fearr i gcoitinne chun úlloird nua a chur, toisc go gcuireann siad an mhiocraeráid is fearr do phailniú agus d'fhorbairt na dtorthaí.
- **Ithir agus draenáil:** Is fearr le crainn torthaí ithir neamhbhalctha, dúrabhánach de dhoimhneacht leordhóthanach (50cm nó níos doimhne) a bhfuil struchtúr maith inti agus a bhfuil sé d'acmhainn ag an ithir uisce a choimeád. Is féidir leo cur suas le réimse leathan dálaí ithreach, luachanna PH agus leibhéil torthúlachta.
- **Seachain siocloga:** D'fhéadfaí cur isteach ar bhairr má dhéanann sioc damáiste do bhláthanna san earrach.
- **Rochtain ar fhoinse uisce:** Tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain éasca ar phointe uisce ag an láthair. Is ceist ríthábhachtach é seo toisc go mbíonn uisciú rialta ríthábhachtach le linn na mblianta bunaithe tosaigh agus le linn tréimhsí triomaigh ina dhiaidh sin.

láthair. Smaoinigh freisin ar bhealach isteach ag lomaire féir nuair atá leagan amach an úlloird á phleanáil. Go traidisiúnta, cuireadh úlloird i leagan amach greille, i sraitheanna de chrainn ó thuaidh agus ó dheas chun an méid gréine a fhaigheann gach aon chrann a uasmhéadú. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh i roinnt láithreacha oscailte, grianmhara a bhfuil ithir mhaith iontu ach d'fhéadfadh triopaill de chrainn bheith níos fearr anseo agus ansiúd i láithreacha eile de réir mar a bhíonn ithir oiriúnach ar fáil. Bíodh spásáil thart ar 4m idir na crainn.

- **Cineálacha a roghnú:** Bíonn réimse leathan cineálacha de chrainn torthaí i stoc ag plandlanna. Nuair is féidir, cuir roinnt cineálacha traidisiúnta ar a laghad. Ní féidir le crainn den chineál céanna pailniú a chéile, agus ní mór go mbeadh crann úll de chineál eile ag fás in aice láimhe. D'fhonn pailniú a bhaint amach, roghnaigh trí chineál úll ar a laghad a mbíonn bláth orthu ag thart ar an tráth céanna. Cuimhnigh freisin go saothraítear crainn úll ar réimse fréamhstoc ó chineálacha beaga go cineálacha níos fuinniúla chun dul in oiriúint do dhálaí éagsúla. D'fhéadfadh do sholáthraí comhairle a thabhairt duit.

I ndiaidh na crainn a chur, ní mór roinnt nithe a dhéanamh chun aire a thabhairt dóibh:

- **Fiailí a rialú:** Bíonn crainn torthaí a cuireadh le gairid ag fulaingt má bhíonn orthu dul san iomaíocht le fiailí agus féara ag fás thart ar a gcuid fréamhacha le haghaidh uisce agus cothaitheach. Le linn na chéad bhlianta ag fás, coinnigh raon 1 m thart ar an gcrann óg go hiomlán glan ar fhiailí. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh tríd an láthair a chlúdach le móta ar nós muirín duillí chun fás an fhéir agus fiailí a phlúchadh.
- **Uisciú:** Beidh sé riachtanach uisce a chur ar bhonn rialta le linn mhíonna an tsamhraidh ar feadh roinnt blianta i ndiaidh an phlandaithe.
- **Seiceáil cuaillí agus snaidhmeáin** go rialta chun snaidhmeáin theanna a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh a sheachaint agus cuir cuaillí nó snaidhmeáin nua in ionad cinn atá damáistithe nó briste. Nuair is féidir le crainn seasamh gan tacú agus gan an talamh a bhogadh, bain na cuaillí agus na snaidhmeáin. Go hiondúil, glacann sé seo suas le trí bliana.
- **Prúnáil:** Teastaíonn prúnáil mhúnlaitheach ó gach crann torthaí óg lena chinntiú bhforbraítear cruth tomhaiste. Ina dhiaidh sin, cuirtear prúnáil cothabhála i gcrích nuair a bhíonn an riachtanas maidir le fás an chrainn a mhúnlú níos mó ná an riachtanas táirgeadh torthaí a chur chun cinn. Tá go leor foilseacháin garraíodóireachta agus láithreáin ghréasáin ann a atá in ann comhairle phraiticiúil agus treoirlínte a chur ar fáil maidir le crainn torthaí a phrúnáil.

## TAGAIRTÍ


Láithreán gréasáin *Grow it Yourself* (GIY): **https://giy.ie/**

Treoir ó Chumann Sábhála Síolta na hÉireann maidir le hÚllord a Chur: **www.irishseedsavers.ie**

Láithreán gréasáin *The Organic Centre*: **www.theorganiccentre.ie**


## GAIRDÍNÍ POBAIL

Giotaí talún faoi leith agus a bhainistítear go háitiúil is ea gairdíní pobail a fhorbraítear mar fhreagra ar riachtanais na bpobal ina bhfuil siad lonnaithe. Bíonn cead an úinéara talún ag teastáil ina leith agus go minic, forbraítear iad i ngiotaí talún tearcúsáidte nó thréigthe laistigh de phobal. D'fhéadfadh siad bheith ina limistéar beag pábháilte ar choirnéal ina bhfuil crann nó binse, nó ina bpáirc nó gairdín beag, nó ina gcuibhrinn agus úlloird phobail. D'fhéadfadh roinnt acu bheith dírithe ar bhia a shaothrú, roinnt eile dírithe ar oideachas pobail, agus d'fhéadfadh roinnt eile bheith dírithe ar chothú agus aclaíocht. Cuireann roinnt eile acu áit ar fáil go simplí chun grá don gharraíodóireacht a chomhroinnt le daoine a bhfuil an dearcadh céanna acu.

Trí ghairdín pobail a chruthú, is féidir cuidiú le pobal a tabhairt le chéile ar bhealach nach bhfuil cosúil le tionscadal ar bith eile toisc gur féidir le gach duine cuidiú a thabhairt le smaointe agus gníomhaíocht. Is féidir le gairdín pobail go leor riachtanais a shásamh ar nós áit éigin a chur ar fáil inar féidir le gasúir bheith ag spraoi, nó áiteanna a chur ar fáil le go bhféadfadh seandaoine suí síos agus sult a bhaint as an ngrian.

Tá sé i bhfad níos saoire gairdín pobail a chur ar fáil agus a choimeád ag imeacht ná páirc atá i seilbh na Comhairle toisc go bhfuil an-chuid de na hacmhainní ar fáil go háitiúil. Ós rud é go mbíonn dlúthbhaint ag daoine óga le gairdín pobail a chruthú, is féidir loitiméireacht sa limistéar a laghdú go mór.

### Roinnt Pointí le Cur san Áireamh

- Is fearr gairdíní a chruthú ar feadh bealach gnóthach do choisithe le go mbainfear úsáid mhaith astu agus go

gcoinneofar faoi bhreathnú iad.

- Is féidir láithreacha sealadacha a chlaochlú trí bhliantóga a chur. Is féidir féileacáin a mhealladh chuig an ngairdín le bláthanna agus toir a mbíonn neachtar iontu.
- Ba chóir go mbeadh suíocháin agus limistéir spraoi lonnaithe sna háiteanna is grianmhara, ach ba chóir go gcuirfí scáth ar fáil freisin,
- Is féidir ballaí ar bhinn tithe nach bhfuil fuinneoga iontu a chlúdach le múrmhaisiú nó le plandaí greamaitheacha amhail eidhneán, athair Virginia, nó hiodrainsia dreaptha. Beidh tacaíocht ó threilís ag teastáil ó dhreapairí eile, ar nós rósanna.
- Is féidir struchtúir ar nós suíocháin, sconsaí agus ceapacha bláthanna ardaithe a dhéanamh as adhmad athchúrsáilte.

## COILLEARNACHA POBAIL

Is éard is coillearnach pobail ann ná taitneamhacht choillearnaí a bhainistítear agus a fhorbraítear le go bhféadfadh an pobal leas agus taitneamh a bhaint aisti. De réir mar a thagann an choillearnach in aibíocht, bíonn sí ina háis iontach lena húsáid ag daoine de gach aois agus cumas ar bhonn rialta do shiúlóidí shuaimhneacha, cuairteanna agus picnicí teaghlaigh, an madra a thabhairt ar shiúlóid, bogshodar, agus réimse gníomhaíochtaí allamuigh. Go minic, baineann scoileanna leas astu mar 'sheomra ranga allamuigh, do dhaoine óga chun foghlaim faoin dúlra agus faoin gcomhshaol.

I measc na saoráidí a bhíonn i gceist go hiondúil, áirítear bealaí isteach, carrchlós, réimse de chosáin lúbtha, comharthaí eolais agus comharthaí bealaigh, conairí dúlra, agus suíocháin agus táblaí do phicnicí. D'fhéadfadh difríocht mhór bheith i gceist i ndáil leis an méid atá i gcoillearnacha pobail a bhraitheann ar an láthair agus talamh atá ar fáil, ó phaistí de choillearnacha i gceantair a bhfuil mórchuid foirgneamh iontu go coillte móra faoin tuath ina aice láimhe. Is féidir leo bheith ina gconláiste aonair nó bheith ceangailte le conláistí agus taitneamhachtaí eile sa cheantar, amhail fearann páirce, foirgnimh stairiúla nó áiteanna eile is díol suime.

Ba cheart go mbeadh sé mar phríomhaidhm coillearnach a bhunú atá lá de speicis éagsúla de chrainn agus toir dhúchasacha. Agus bainistiú á dhéanamh, ba chóir leanúint den treoir a chuirtear ar fáil faoi Scéim na gCoillte Dúchasach, atá i bhfách le héagsúlacht de chrainn agus de thoir ar airdí éagsúla ionas go gcuimsíonn an struchtúr ar deireadh thiar ceannbhrat de chrainn arda ar nós darach agus seiceamair, mar aon le crainn bheaga imeallacha ar nós beithe, caorthainn, fearnóige, fionncholl agus crainn silíní fiáine.

Le Scéim na Coille seo Againne, arna riar ag an tSeirbhís Foraoiseachta faoin Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara, cuirtear cúnamh airgid ar fáil d'údaráis áitiúla agus do shealbhóirí talún príobháideacha, ag obair i gcomhar le pobail áitiúla, chun
conláistí coillearnaí áitiúla, nó 'coillte seo againne' a chruthú do mhuintir na háite.

### TAGAIRTÍ

Treoirlínte do Scéim na gCoillte Dúchasach: **http://www.agriculture.gov.ie/forestservice/publications/forestrymanual2...**).

Scéim na Coille seo Againne: **http://www.agriculture.gov.ie/forestservice/publications/forestrymanual2...**).



## COTHABHÁIL A DHÉANAMH AR LIMISTÉIR THAITNEAMHACHTA AGUS GHLASA

D'fhéadfadh limistéir thaitneamhachta agus ghlasa spásanna oscailte, páirceanna cois abhann agus páirceanna poiblí a chuimsiú. Nuair a bhíonn páirceanna poiblí á mbainistiú ag an Údarás Áitiúil, d'fhéadfadh deiseanna bheith ar fáil do ghrúpaí Bailte Slachtmhara tionscadail a chur i gcrích i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Áitiúil.

### Roinnt Ceisteanna Ginearálta

- Nuair atá lorg nó mianlíne caite thar limistéar glas mar gheall ar thrácht coisithe, smaoinigh ar chosán a bhfuil dromchla air a chur isteach atá oiriúnach don timpeallacht agus don fheidhm atá leis an limistéar glas.

- Ba chóir go mbeadh struchtúr slán i suíocháin agus binsí, go mbeadh cóir mhaith orthu, nach mbeadh aon ghraifítí orthu agus go mbeadh obair phéinte / bailchríoch orthu.

- Nuair a shuiteáiltear cláir fógraí, ba chóir go mbeadh siad lonnaithe in áit mhaith i dtaca le bealaí isteach, pointí rochtana agus láithreacha is díol spéise agus ba chóir go mbeadh faisnéis orthu atá cothrom le dáta atá eagraithe go slachtmhar ar an gclár. Ba chóir go mbeadh siad i gcóir mhaith, go mbeadh bail mhaith ar an obair phéinte/bailchríoch gan aon ghraifítí orthu, agus go mbeadh siad i ndea-chaoi. Ba chóir go mbeadh an t-ábhar atá ar taispeáint cosanta in aghaidh na haimsire agus go mbeadh sé le feiceáil go soiléir trí ghloine nó peirspéacs.

- Ba chóir go mbeadh na críocha ar fad, bíodh siad timpeallaithe nó oscailte, leagtha amach go soiléir agus go mbeadh aon sconsaí nó ballaí i gcóir mhaith agus ba chóir go mbeadh dath oiriúnach ar aon obair phéinte/bhailchríoch agus í sin i ndea-chaoi.

- Ba chóir go mbeadh geataí, bacainní ar fheithiclí agus piaraí nó tacaí i gcóir mhaith agus go mbeadh bail mhaith ar an obair phéinte/bailchríoch. Ba chóir go mbeadh dromchlaí ar bhealaí isteach cothrom agus draenáilte go maith gan aon ghuaiseacha.

- Ba chóir go mbeadh bail mhaith ar an dromchla ar chosáin trí limistéir ghlasa agus nach mbeadh an iomarca caonaigh nó fiailí orthu. Ba chóir go mbeadh ciumhaiseanna leagtha amach go soiléir agus nach mbeadh aon fhásra ag briseadh isteach ar an gcosán. Ba chóir nach mbeadh aon bhruscar, smionagar ná salachar madraí ar na cosáin.

- Ba chóir boscaí bruscair a fholmhú go rialta, go mbeadh siad glan, agus go mbeadh bail mhaith ar an obair phéinte/bailchríoch.

- Aon fhoirgnimh atá lonnaithe i limistéir ghlasa ar nós seomraí feistis, pailliúin spóirt, leithris, etc.

ar chóir a choinneáil néata, dea-chumtha agus i gcóir mhaith leis na haghaidheanna lasmuigh coinnithe saor ó graifítí agus bail mhaith ar an obair phéinte/bailchríoch.

### Cothabháil a dhéanamh ar limistéir féir

Ní gá na limistéir ar fad ina bhfuil féar ag fás a choinneáil dlúthbhearrtha agus ba chóir duit smaoineamh ar an ról atá ag an bhféar i gcomhthéacs na catagóire maidir le dúlra agus bithéagsúlacht i gcomórtas na mBailte Slachtmhara. Níl sé i gceist leis an bhfaisnéis a chuirtear i láthair sa mhír seo ach roinnt treoirlínte ginearálta a chur ar fáil.

Baineann limistéir thaitneamhachta féir le féar i limistéir ghlasa ar a mbeidh daoine ag siúl, spásanna áineasa a úsáidtear do chaitheamh aimsire sámh - limistéir spraoi, limistéir le luí faoin grian, limistéir le haghaidh picnicí agus spraoi neamhfhoirmiúil, limistéir mhóra de spás oscailte i bpáirceanna áitiúla, faiche an bhaile, timpeallachtaí taitneamhachta tírdhreacha, ciumhaiseanna bóthair agus spásanna oscailte in eastáit tithíochta. Baineann siad le féar dlúthbhearrtha a úsáidtear chun cuma dhea-choinnithe, shlachtmhar, fhoirmiúil a chruthú. Chomh maith leis sin, is aistriú maith atá san fhéar dlúthbhearrtha idir gnéithe neamhfhoirmiúla, ar nós móinéir, agus gnéithe struchtúracha de dhéantús an duine ar nós foirgnimh, bóithre, etc. D'fhéadfadh sé bheith riachtanach an féar a lomadh suas le 30 huair in aghaidh na bliana chun airde thart ar 25-40mm a choinneáil, ag brath ar riachtanais úsáide. Ba chóir go mbainfeadh na cuspóirí atá le cothabháil féir i limistéir taitneamhachta leis an méid a leanas a chinntiú:

- Dálaí maith ar an dromchla le fás sláintiúil agus clúdach fásra

- Go mbaintear an féar go haonfhoirmeach agus go cothrom' lena n-áirítear ciumhaiseanna imill agus constaicí

- Nach bhfuil scotháin féir ar na cosáin agus na ceapacha plandaí in aice láimhe.

- Go bhfuil na ciumhaiseanna bearrtha agus nach bhfuil siad ag briseadh isteach ar dhromchlaí crua amhail cosáin, colbhaí, línte fáil nó ceapacha plandaí in aice láimhe.

- Ní spreagtar ar chor ar bith leas a bhaint as lotnaidicíd chun fás féir a rialú ar feadh línte colbha agus thart ar chuaillí comharthaí, crainn agus constaicí eile mar gheall ar chúiseanna comhshaoil. Ní bhíonn cuma dheas ar phíosaí d'fhéar marbh ar chiumhaiseanna. Bain leas as lái san earrach ar feadh ciumhaiseanna cosán agus colbhaí agus beidh cuma shlachtmhar orthu ar feadh an chuid is mó den samhradh. Bain úsáid as ciumhaisire nó deimheas thart ar chuaillí comharthaíochta etc. Is féidir scotháin féir a leagan síos go cothrom thart ar throscán d'fhonn

cothabháil a éascú.

- Nach bhfuil aon phaistí bána ann.
- Go mbaintear an bruscar ar fad sula ngearrtar féar
- In áiteanna ina bhfuil bleibíní, ba chóir gan an áit a ghearradh ón tráth a thagann an bleibín aníos go trí tráth thart ar 6 seachtaine i ndiaidh deireadh a theacht ar na bláthanna agus ba chóir na scotháin ar fad a bhaint.
- Ba chóir obair feabhais a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le fadhbanna a bhíonn ina gcúis le tuilte tréimhsiúla agus drochdhraenáil.
- I limistéir fhairsinge ina bhfuil féar ag fás, d'fhéadfaí smaoineamh ar stráice féir a fhágáil le fás go hard ar mhaithe le pailneoirí agus fiadhúlra. Coinnigh ciumhais néata leis an bhféar níos giorra ina thimpeall sin.

**Nuair is conraitheoir a dhéanann cothabháil ar an bhféar, ba chóir go rialófaí a chonradh ag na forálacha thuas.**

Baineann **limistéir d'fhéar garbh** le limistéir d'fhéir nach mbíonn mórán le déanamh leo agus nach bhfuil gá le cuid mhór foirmiúlachta iontu.
Oireann sé seo do go leor limistéir de spás oscailte amhail ciumhaiseanna bóthair, poirt, criosanna colbhaí, agus d'fhéadfaí iad a úsáid i gcásanna áirithe mar chuid d'aistriú céim ar chéim idir plásóga foirmiúla, foirgnimh etc., agus timpeallachtaí neamhfhoirmiúla nó tuaithe. Freastalaíonn na limistéir seo ar flóra níos ilchineálaí ná limistéir féir thaitneamhachta agus ba chóir iad a choinneáil thart ar 100-125mm, agus 4-6 ghearradh in aghaidh an tséasúir. Ní bheadh úsáid lotnaidicídí sna limistéir fáis rialaithe seo iomchuí.

**Úsáid a bhaint as Lotnaidicídí**: Téarma ginearálta is ea lotnaidicídí lena n-áirítear feithidicídí, fuingicídí agus luibhicídí, a d'fhéadfadh ar fad bheith dochrach do phailneoirí agus ba chóir an úsáid is lú agus is féidir a bhaint astu. Ba chóir smaoineamh freisin maidir le leasuithe agus ceimiceáin eile a chur chun fiailí a rialú amhail salainn, púdar níocháin, fínéagar etc. i ndáil leis an tionchar níos leithne a bhíonn acu ar an gcomhshaol. Spreagtar grúpaí Bailte Slachtmhara modhanna rialaithe nach mbraitheann ar cheimiceáin a chur i bhfeidhm nuair is féidir go praiticiúil. Ba cheart go dtabharfadh straitéis díothaithe nó laghdaithe aghaidh ar na ceisteanna seo a leanas.

- Cá háit a n-úsáidtear lotnaidicídí agus leasuithe?
- Cad iad na fadhbanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu?
- Cad a tharlódh mura ndéanfaí dada?
- An bhfuil fadhb ann?
- An bhfuil bealach ann leis an timpeallacht a athrú chun an fhadhb a chosc?

## MÓINÉIR BLÁTHANNA FIÁINE

Is modh éifeachtach gan mórán le déanamh leo iad móinéir bláthanna fiáine chun déileáil le limistéir mhóra nach mbíonn cóireáil fhoirmiúil ag teastáil iontu. Tá siad ar cheann de na gnáthóga féaraigh is mó atá i mbaol ach tá an-éagsúlacht iontu i dtaobh cúrsaí éiceolaíochta agus dá bhrí sin, is rogha iontach iad do limistéir oscailte. Is féidir cuid de na taispeántais bláthanna fiáine is fearr a fheiceáil ar ghearrthacha nua ar bhóithre agus ar chiumhaiseanna féir. Trí bhainistiú cúramach, glacfaidh bláthanna fiáine móinéir seilbh ar láthair agus cuirfidh siad dathanna agus ábhar spéise leis an áit. Chomh maith leis sin, cruthófar gnáthóg bhríomhar d'fheithidí, éin agus mamaigh bheaga. D'fhonn cuma mhíshlachtmhar ar na limistéir seo a sheachaint, ba chóir bruscar a rialú, agus d'fhéadfaí cuma mhíshlachtmhar le linn a gheimhridh a sheachaint tríd an limistéar a ghearradh i ndeireadh an fhómhair.

### Talamh Féaraigh Reatha a Chur in Oiriúint

Is é an bealach is fearr móinéir bláthanna fiáine a chruthú ná an bainistiú a dhéantar ar thalamh féaraigh reatha a athrú i.e. déan é a ghearradh dhá uair sa bhliain, uair amháin san earrach agus i ndeireadh mhí Lúnasa nó mhí Mhéan Fómhair agus bain na scotháin. Déantar uainiú ar an ngearradh ionas gur féidir leis na bláthanna fiáine ar fad síolta a chur ach ní na féara. Mar gheall ar an réimeas bainistithe seo, ní éireoidh an talamh féaraigh borb, ní laghdófar torthúlacht na hithreach le himeacht ama agus cuirfear fás bláthanna fiáine chun cinn. Tar éis roinnt bhlianta, d'fhéadfadh méadú teacht ar líon agus éagsúlacht na mbláthanna fiáine chun móinéir bláthanna fiáine a chruthú ach d'fhéadfadh sé roinnt ama a ghlacadh. I gcásanna inar cuireadh síolta d'fhéar plásóige sa limistéar agus gur beag an dóchúlacht go mbeidh bláthanna fiáine in ann fás ann, nó i gcás go bhfuil gá le móinéar bláthanna fiáine ar an toirt, is féidir meascán síolta do mhóinéar bláthanna fiáine a chur.

Nuair atá talamh féaraigh á cur in oiriúint do mhóinéar, d'fhéadfadh sé bheith riachtanach speicis d'fhéir rábacha a dhíspreagadh nó a bhaint ón talamh féaraigh reatha. Is féidir é sin a bhaint amach trí lomadh 4-6 huaire in aghaidh na bliana ar feadh tréimhse 2-3 bliana. Is féidir féir thortóige a tochailt amach.

I ndiaidh an trátha seo, is féidir leas a bhaint as ceachtar den dá réimeas gearrtha a leagtar amach thíos. Ar dtús, seans nach mbeidh ann ach cam an ime, caisearbhán, seamair agus athair thalún, ach is féidir bláthanna fiáine a thabhairt isteach.

Is é an bealach is fearr é sin a dhéanamh ná gan na síolta a chur go díreach san fhéar ach iad a chur i dtráidire síolta agus iad a chur ina dhiaidh sin ina ngrúpaí ina áiteanna inar rómhraíodh an féar. Is féidir bleibíní an earraigh a chur ar nós plúirín sneachta, cróch, dáthabha dubh, ceann nathrach agus coinnle cora, a thiocfaidh i mbláth agus a chuirfidh síolta roimh mhí Iúil. Cé go bhféadfadh tú síolta a bhailiú ó phlandaí áitiúla, ná bain plandaí fiáine riamh.

Má tá speicis plandaí atá go maith do phailneoirí ar an láthair cheana féin, beidh sé costasach agus neamhriachtanach síolta bláthanna fiáine a chur. Ina ionad sin, cuir leis an móinéar nádúrtha bláthanna fiáine trí lomadh a laghdú, agus smaoinigh ar speicis bhreise a chur isteach ina ngrúpaí beaga.

### Móinéar Bláthanna Fiáine Nua a Chur

Mar gheall ar chúiseanna géiniteacha agus éiceolaíochta, ná bain úsáid as síolta ach amháin síolta a bhailigh tú go háitiúil nó a fuair tú ó fhoinse tráchtála a sholáthraíonn síolta bláthanna fiáine dúchasacha na hÉireann a bailíodh agus a saothraíodh ar oileán na hÉireann. Murach sin, tá baol ann go leathfadh speicis neamhdhúchasacha amach faoin tuath. Ná ceannaigh síolta neamhdhúchasacha ó ollmhargaí, ionaid gharraíodóireachta nó ar líne. Is féidir móinéar bláthanna fiáine a chur le bláthanna fiáine amháin, nach féidir siúl air, nó le meascán de bhláthanna fiáine agus féara, agus d'fhéadfaí cosáin féir a ghearradh tríd ar feadh mianlínte.

D'fhéadfadh síolta bláthanna fiáine bheith costasach, agus dá bhrí sin, tá sé tábhachtach an láthair a ullmhú mar is ceart sula gcuireann tú na síolta. Chomh maith leis sin, ní mór duit bheith cinnte go bhfuil na síolta a cheannaíonn tú oiriúnach don láthair. Bíonn sé mórán mar a chéile le plásóg nua a chur móinéar nua bláthanna fiáine a chur, ach tá difríocht thábhachtach amháin i gceist. Bíonn rath ar bhláthanna fiáine i limistéir nach bhfuil ró-thorthúil, mar is féidir leo dul san iomaíocht le speicis féir in aice láimhe. Ní bheidh rath orthu má tá an ithir ró-thorthúil, mar sin, ná bain úsáid ar leasuithe agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ort roinnt den bharrithir a bhaint fiú.

Glan an áit ina gcuirfear na síolta ar fad agus rácáil an talamh nó go mbeidh ithir mhín chuir ann. Bí díograiseach toisc go bhféadfadh aon fhéar nó fiailí ilbhliantúla a fhásann arís dul in iomaíocht leis an bhféar agus bláthanna móinéir a chuir tú.

I dtús an fhómhair is ea an tráth is fearr na síolta a chur, nó i lár an earraigh (mí Aibreáin). Beidh an meascán síolta a roghnaíonn tú ag brath ar an gcineál ithreach atá ann, más láthair fhliuch nó thirim atá ann, nó más móinéar earraigh nó dheireadh an tsamhraidh atá uait. Is féidir le do sholáthraí síolta comhairle a thabhairt duit mar aon le liosta agus meascán de speicis oiriúnacha. D'fhéadfadh gliográn, *Rhinanthus minor,* bheith i roinnt de na meascáin, nó is féidir é a chur leis an móinéar bláthanna fiáine ag tráth níos déanaí. Is bláth fiáin bliantúil é a bhfuil cumas speisialta aige brí na bhféar a laghdú agus cur ar chumas bláthanna fiáine eile bheith faoi bhláth. Ní mór go mbeadh féara i láthair chun é a chur.

Thart ar cheithre seachtaine i ndiaidh na síolta a chur, déan an chéad ghearradh le lomaire atá an-ghéar, agus ná bain níos ísle ná 50mm riamh. Bain an féar agus brúigh isteach aon síológa atá scaoilte. Ní phéacann go leor de na bláthanna fiáine nó go mbeidh an t-earrach bainte amach agus le linn an chéad shéasúir ní bheidh go leor bláthanna ann, dá bhrí sin, gearr an féar sa ghnáthbhealach. Tríd sin a dhéanamh, spreagfar na féara agus bláthanna fiáine chun córas maith fréamhacha a fhorbairt.

Sa dara séasúr, gearr an féar de réir an réimis atá roghnaithe agat (féach Cothabháil thíos) agus bain sult as na bláthanna. Forbróidh do mhóinéar bliain i ndiaidh bliana, le roinnt speicis ag teacht chun cinn go láidir ar dtús agus cinn eile ag teacht chun cinn ina dhiaidh sin.

## Cothabháil a Dhéanamh ar Mhóinéar Bláthanna Fiáine

Beidh an réimeas gearrtha a roghnaíonn tú ag brath ar an tráth a dtagann bláth ar na bláthanna fiáine atá i láthair.

**Móinéar Earraigh:** Ná gearr an féar ó thús an earraigh tríd an samhradh go mí Iúil chun cur ar chumas bhláthanna thús an earraigh bláthú agus síolta a chur síos. I measc roinnt de na bláthanna fiáine a bhféadfadh tú bheith ag súil leo, tá bainne bó bleachtáin, biolar greagáin nó léine Mhuire (ar planda bia é ag féileacáin), fearbán féir, gliográn (planda leathsheadánach ar fhéara), nóinín mór, peasairí, seamra agus féara. I ndiaidh do na plandaí ar fad síolta a chur síos, gearr an móinéar go híseal go thart ar 10cm ar airde le speal nó ciumhaisire. Fág an féar gearrtha mar a bhfuil sé ar feadh roinnt laethanta ionas gur féidir leis an síol titim agus bain na scotháin ar fad ina dhiaidh sin le ráca.

**Móinéar Samhraidh:** Gearr an féar go rialta i rith an earraigh - ná gearr ró-íseal, agus fág é gan é a ghearradh ó lár an tsamhraidh go dtí an fhómhair, tráth a ndéanfar an gearradh deiridh. Spreagfar go leor féileacáin mar gheall ar na bláthanna fiáine níos airde cosúil le cab a ghasáin agus mínscoth mhór. Beidh feileastram, airgead luachra agus breallán le fáil i móinéir thaise. Ar aon dul leis an móinéar earraigh, ní mór na scotháin a bhaint den láthair i ndiaidh an ghearrtha, mura ndéantar sin, lobhfaidh siad síos san ithir agus beidh ithir níos torthúla ann dá bharr. Tá sé tábhachtach nach n-éireodh an talamh féaraigh ró-thorthúil agus go spreagfaí féar níos gairbhe a d'fhéadfadh scáth a chaitheamh ar na bláthanna fiáine. Ba chóir an beart bainistithe seo a chur i gcrích gach aon bhliain.

## TAGAIRTÍ

Treoir Saineolais: Móinéar Bláthanna Fiáine a Chruthú agus a Bhainistiú, an tIonad Náisiúnta Bithéagsúlachta. **https://pollinators.ie/resources/**

**https://pollinators.ie/reducing-mowing-for-pollinators-brilliant-for-bees-harder-for-humans/**

## SPEICIS IONRACHA

Baineann speicis ionracha le speicis neamhdhúchasacha plandaí agus ainmhithe atá tugtha isteach ag daoine, lasmuigh dá réimse nádúrtha, agus a bhfuil sé de chumas acu ár bhfiadhúlra dúchasach a bhur i mbaol, damáiste a dhéanamh dár ngnáthóga, comhshaol, geilleagar nó do shláinte daoine. Ní dhéanann an chuid is mó de speicis neamhdhúchasacha (ar a dtugtar speicis choimhthíocha freisin) aon dochar agus ní mheastar ach sciar beag díobh a bheith ina speicis ionracha. D'fhéadfadh sé bheith an-chostasach agus an-deacair bainistiú a dhéanamh ar speicis ionracha. Is fadhb choiteann a bhíonn i gceist nach mór don phobal i gcoitinne, mar aon le réimse éagsúil páirtithe leasmhara agus grúpaí sainleasa í a bhrath go luath, oibriú i gcomhar ina leith agus tacaíocht a thabhairt ina leith. Áirítear leis na speicis ionracha coitianta Glúineach Bhiorach, Lus na Pléisce, Feabhrán Capaill agus Gunnaire.

Cé go bhféadfadh sé bheith ró-dheacair do go leor coistí aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo, ba chóir go mbeadh siad ar an eolas ar na bearta bunúsacha atá le déanamh chun leathadh na bplandaí seo a sheachaint.

- Ná déan iarracht speicis ionracha a thochailt aníos mar is minic is féidir le giota beag fiú den phlanda gearrtha athbheochan agus is féidir leis dochar a dhéanamh don chraiceann mura gcosnaítear í.
- Ná scaip ithir thruaillithe
- Ná déan muirín de dhramhaíl ghlas agus ná dumpáil í
- Faigh comhairle ó shaineolaí i gcónaí sula dtugann tú faoi speiceas ionrach a dhíothú

Ba chóir do choistí láithreán gréasáin Speicis Ionracha Éireann a cheadú i ndáil le roghanna bainistithe nó dul i dteagmháil leis an Údarás Áitiúil. D'fhéadfadh sé go bhfuil cláir dhíothaithe i bhfeidhm agus ar siúl cheana féin ina gceantar.

## TAGAIRTÍ

**https://invasivespeciesireland.com/**

**https: //www.biodiversityireland.ie/projects/invasive-species/**

## LÁITHREACHA PICNICE

Ba chóir go mbeadh láithreacha picnice chomh nádúrtha agus is féidir. Nuair a bhíonn láthair picnice á lorg ag daoine, is maith le daoine bualadh fúthu gar do chiumhais, ar nós fál seach, balla cloiche, coillearnach nó grúpa crann a thugann aghaidh ar radharc nó spás oscailte. Dé ghnáth, úsáidtear limistéir mhóra oscailte le haghaidh cluichí seachas picnicí. Nuair is féidir, ba chóir aon suíomh ina bhfuil láthair picnice a leagan amach d'fhonn réimse éagsúil láithreacha picnice a chur ar fáil. D'fhéadfaí úsáid chruthaitheach a bhaint as cruth na talún, an fásra agus an tírdhreachadh chun spásanna a chruthú lena gcuirtear réimse éagsúil roghanna ar fáil, idir fhoscadh, radhairc oscailte, grian, scáth, spásanna móra do theaghlaigh mhóra, spásanna beaga do bheirt, agus a leithéid. Ba chóir go mbeadh radharc ar an gcarrchlós ag roinnt láithreacha do dhaoine a bhraitheann níos sábháilte agus súil á coimeád acu ar a gcarr, nó do dhaoine nach mian leo cuid mhór trealaimh a iompar ar feadh i bhfad. Más amhlaidh gurb é an príomhchuspóir atá leis an suíomh

daoine a spreagadh chun stad ar feadh tamaill i gcomhair picnice, ba cheart go mbeadh líon na spásanna picnice ar aon dul le líon na spásanna páirceála atá ar fáil.

Tá níos mó i gceist le binse picnice a chur isteach ná píosa troscáin; is comhartha é lena bhfógraítear go bhfuil fáilte roimh dhaoine. Ba chóir go mbeadh troscán do phicnicí simplí agus láidir ó thaobh dearaidh de, agus go dtiocfadh sé leis an timpeallacht. Chomh maith leis sin, ba chóir go mbeadh sé fáilteach agus compordach ó thaobh úsáide de, éasca cothabháil a dhéanamh air agus bheith in ann drochúsáid a sheasamh. Ba chóir troscán a shuiteáil agus cothabháil a dhéanamh air ionas go mbeidh sé sábháilte, iontaofa agus oiriúnach don fheidhm agus is fearr i gcoitinne é a dhaingniú go sábháilte leis an talamh.

Tá sé ríthábhachtach bruscar a bhainistiú ag láithreacha picnice, agus tá dhá chur chuige ina leith. Cur chuige amháin is ea daoine a spreagadh lena gcuid bruscair a thabhairt leo, agus gan aon bhoscaí bruscair a chur ar fáil in áit ar bith ar an láthair. Bíonn rath ar an gcur chuige seo i láithreacha iargúlta de ghnáith. I gcás ina gcuirtear boscaí bruscair ar fáil, níor chóir iad a lonnú in aice le táblaí - ní thaitneodh sé le haon duine bheith suite ina aice le bosca bruscair bhréan a mheallann foichí. Déan cinnte go bhfolmhaítear na boscaí bruscair de réir mar is gá, go háirithe le linn shéasúr na gcuairteoirí.

Má bhíonn díolacháin bhia, ar nós uachtar reoite ar laethanta teo, nó aonaid shoghluaiste bia eile ar siúl ar an láthair, ba chóir teacht ar shocrú le díoltóir an bhia boscaí bruscair a sholáthar/ agus a fholmhú ag am scoir gnó gach aon lá. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí clár eolais a chur ar fáil maidir le nithe is díol spéise san áit agus faoi shiúlóidí.

**Moltar an t-ábhar i ndáil le láithreacha picnice a phlé leis an Údarás Áitiúil.**

## COSÁIN & CONAIRÍ ÁINEASA

Áis luachmhar is ea conair áineasa trínar féidir pobail a nascadh le spásanna áitiúla allamuigh agus áiteanna spéisiúla e.g. oidhreacht nádúrtha nó thógtha. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh conair áineasa pobail éagsúla a cheangal lena chéile e.g. nasc idir dhá shráidbhaile. D'fhéadfaí leas a bhaint as bealaí líneacha stairiúla ar nós cosáin tarraingthe ar feadh canálacha, cosáin cois abhann nó iarnróid nach n-úsáidtear a thuilleadh, nó d'fhéadfadh an cosán leanúint ar aghaidh i dtreo ionad amhairc. D'fhéadfadh téama bheith i gceist ar nós conair sióg nó d'fhéadfaí gnéithe dealbhóireachta a thabhairt isteach ar feadh an bhealaigh nó d'fhéadfaí go simplí bheith mar áit dheas le haghaidh siúlóid shuaimhneach nó bealach siúil níos foirmiúla ar nós Slí na Sláinte. D'fhéadfadh an bealach dul trí limistéir ghlasa nó trí thírdhreach nádúrtha nó d'fhéadfadh sé bheith ina chonair uirbeach nó an dá rud.

Cibé an cuspóir atá leis, is féidir le daoine chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar an gceantar leas a bhaint as na tairbhí áineasa, sláinte, turasóireachta agus oideachais a bhaineann leis an gconair áineasa áitiúil. Nuair is féidir, ba chóir é a leagan amach gan bhacainní chun freastal ar réimse éagsúil úsáideoirí agus inniúlachtaí.

Ag tráth éigin, d'fhéadfadh coistí Bailte Slachtmhara páirt a ghlacadh nó ceannaireacht a thabhairt i gconair áitiúil a fhorbairt nó cothabháil a dhéanamh air. D'fhéadfadh sé bheith i gceist ag tionscadail conairí a uasghrádú nó conair nua a chruthú. D'fhéadfaí leas a bhaint as conairí freisin chun bainistiú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhaineann le háineas ar thírdhreach nó ar ghnáthóg.

Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm shimplí le gach tionscadal maidir le conair a fhorbairt ná conair a chruthú agus a chothabháil a bhfuil tóir air go fadtéarmach, go dtagann an chonair leis an timpeallacht inar forbraíodh í, go bhfuil tacaíocht iomlán ag an gconair ó úinéirí talún agus ón bpobal agus go mbeidh an chonair soláimhsithe agus inmharthana go fadtéarmach. Is é an bealach is fearr é sin a bhaint amach ná pleanáil go cúramach agus go mion ón tús, dul i gcomhairle leis an Oifigeach Siúil i d'Údarás Áitiúil, agus dul i gcomhairle go forleathan le húinéirí talún agus gníomhaireachtaí ábhartha.

### Roinnt Pointí le Cur san Áireamh

Má bhaineann an chonair le dúlra, oidhreacht, sióga, spaisteoireacht nó le hábhar eile is díol spéise, tá prionsabail agus ceisteanna coiteanna i gceist a bhaineann leo ar fad. Áirítear orthu sin:

- An costas a bhaineann leis an gconair a fhorbairt agus lena cothabháil leanúnach in aghaidh líon na n-úsáideoirí féideartha.
- Ní mór go mbeadh cead iomlán/rochtain cheadaithe ón úinéir/ó na húinéirí talún, idir úinéirí talún poiblí agus príobháideacha i leith na conaire, agus go mbeadh comhaontú scríofa/dlíthiúil i bhfeidhm ina leagtar amach na freagrachtaí a aithnítear i ndáil le bainistiú, cothabháil agus dliteanas.
- Ní fiontar gearrthéarmach a bhíonn i gceist le conair a fhorbairt ach gealltanas fadtéarmach a dteastaíonn plean agus acmhainní ina leith chun iniúchadh agus cothabháil a dhéanamh uirthi ar bhonn rialta.
- Tá láithreacha a mbaineann tábhacht chomhshaoil,

seandálaíochta agus ailtireachta leo cosanta faoin ndlí agus ní mór cead a fháil i leith oibreacha sna limistéir seo ó na comhlachtaí cuí sula gcuirtear tús leis na hoibreacha agus ní mór iad a chur i gcrích i gcomhréir le treoracha agus rialacháin ábhartha.

## Leagan Amach agus Tógáil na Conaire

Is éard atá sa mhéid a leanas ná pointí barrthábhachtacha ata le cur san áireamh i leagan amach cosáin nó conaire áineasa áitiúil.

- Bíodh tús áite ag sláinte agus sábháilteacht an phobail agus an bealach á leagan amach. Roghnaigh bealach a bhfuil dealramh na sábháilteachta air - bíonn láithreacht daoine eile ar an gconair go maith ó thaobh bhraistint na sábháilteachta de.
- Go hidéalach, ba chóir go leanfadh conairí bealach atá ina bhealach easbhóthair go hiomlán nuair is féidir, toisc go gcuireann sé seo eispéireas áineasa ar fáil atá i bhfad níos sábháilte agus níos fearr.
- Agus an tír-raon á bhreithniú agat, ba chóir go mbeadh sé mar aidhm agat an rochtain is fearr agus is féidir a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil chomh hinniúil le daoine eile agus do sheandaoine mar aon le teaghlaigh óga, fiú ar feadh cuid den bhealach.
- Déan breithniú cúramach ar dhálaí ithreach agus ar dhraenáil. Seachain talamh fhliuch nó bhog toisc go bhféadfadh sé sin uaireanta bheith ina chúis le tógáil chostasach agus conairí nach bhfuil inmharthana. Bíodh sé mar aidhm agat gan cur isteach ar an tírdhreach nádúrtha ná ar ghnéithe nádúrtha an oiread agus is féidir le linn an chonair a fhorbairt agus a thógáil.
- Ní mór go mbeadh dromchla na conaire marthanach, láidir agus oiriúnach don fheidhm.
- Smaoinigh ar áiteanna ina bhfuil mianlínte nó stráicí gearra de chosáin ann cheana féin agus faoin dóigh a bhféadfaí iad a thabhairt isteach i mbealach na conaire.
- D'fhéadfadh an chonair bheith ina conair lúbtha nó líneach ach bí cinntí go mbeidh pointe tosaigh agus pointe deiridh leagtha amach go soiléir agus go mbeidh eolas ar fáil d'úsáideoir na conaire, go háirithe agus an chonair á cur chun cinn do chuairteoirí/turasóirí. Déan iarracht go mbeadh an pointe tosaigh chomh gar agus is féidir do lár an bhaile nó an tsráidbhaile.
- Ba chóir go mbeadh na conairí leagtha amach go soiléir ar an talamh agus d'fhéadfadh comharthaí bealaigh agus comharthaí cuí bheith ag teastáil.
- Smaoinigh ar cód iompair d'úsáideoirí na conaire e.g. na prionsabail 'Ná Fág Rian'.
- Ní mór an troscán ar an gconaire a leagan amach, a thógáil, a shuiteáil agus a chothabháil ionas go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm, láidir agus sábháilte. Ba cheart go mbeadh bailchríoch oiriúnach neamhsciorrach ar an dromchla siúil ar dhreapaí, clárchosáin, droichid nó céimeanna.
- Níor chóir comharthaí nó gnéithe a bhaineann leis an gconair a cheangal le crainn.
- Smaoinigh ar an riachtanas i ndáil le carrchlós a chur ar fáil atá oiriúnach do ghnáthleibhéal úsáide na conaire.

## Comharthaíocht léirmhínitheach

Trí fhaisnéis léirmhínitheach a chur ar fáil ar fheadh an bhealaigh, is féidir cur le tarraingteacht na conaire agus eispéireas an úsáideora a shaibhriú. Ba chóir go mbeadh caighdeán maith sna comharthaí agus painéil faisnéise, go mbeadh cosaint acu ar an aimsir agus go mbeadh siad oiriúnach don chineál suímh atá ann, ba chóir cothabháil mhaith a dhéanamh orthu agus nach mbeadh loitiméireacht orthu. Seachain úsáid a bhaint as comharthaí nach bhfuil gá leo a d'fhéadfadh cur isteach ar an láthair féin agus bí cinnte nach gceileann comharthaí aon radhairc nó gnéithe suaithinseacha. D'fhéadfaí faisnéis bhreise don úsáideoir maidir leis an gconair a chur ar fáil ar líne, i mbileog etc. Ba chóir go mbeadh an t-ábhar atá sna comharthaí fáilteach, úsáideach, éasca a léamh agus cothrom le dáta.

## Cothabháil

Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbaintear amach caighdeán na conaire le linn an tionscadal a fhorbairt agus go ndéantar é a chothabháil sa todhchaí. Go minic, tugtar neamhaird ar bhainistiú agus cothabháil i ndiaidh an chéad bhorradh díograise chun an chonair a fhorbairt. D'fhéadfaí clár maidir le hiniúchadh agus cothabháil rialta a bhunú ar an seicliosta seo a leanas:

- An bhail atá ar dhromchla na conaire: Ba chóir nach mbeadh aon ghuaiseacha, creimeadh mór nó fadhbanna draenála ar dhromchla na conaire, agus ba chóir go mbeadh aon bhailchríoch neamhsciorrach slán.
- An bhail atá ar throscán na conaire: Ba chóir go mbeadh troscán na conaire i riocht maith, daingnithe go sábháilte, dea-choinnithe agus gan aon loitiméireacht air. D'fhéadfaí cláir eolais, comharthaí bealaigh, comharthaíocht, suíocháin, táblaí picnice, boscaí bruscair, dreapaí, geataí, lámhráillí, droichid, clárchosáin, céimeanna etc. a chur san áireamh le troscán conaire. Ba chóir go mbeadh comharthaí bealaigh agus comharthaí ailínithe mar is ceart. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí baoithe tarrthála a chur san áireamh le troscán conaire ar chonaire atá taobh le huisce agus ní mór go mbeadh siad ar fáil ag na pointí

sonraithe.

- Bruscar a bhainistiú: Ní mór an bealach a choinneáil saor ó bhruscar.

- Cothabháil a dhéanamh ar chláir eolais: cinntigh go bhfuil an fhaisnéise is faisnéis reatha agus cothrom le dáta

- Inrochtaineacht: Ní mór go mbeadh an bealach insiúlta i gcónaí ar feadh an t-achar ar fad agus nach mbeadh aon bhaic ann mar gheall ar fhásra, faoi chois, ó na taobhanna agus lasnairde.

### Tagairtí

**https: //www.sportireland.ie/sites/default/files/2019-10/a_guide_to_planning_and_developing_recreational_trails_in_ireland.pdf**

## LIMISTÉIR SPRAOI DO LEANAÍ, SPÁSANNA DO DHÉAGÓIRÍ AGUS SAORÁIDÍ ACLAÍOCHTA ALLAMUIGH

D'fhéadfaí spásanna allamuigh agus limistéir ghlasa a fhorbairt le himeacht ama chun saoráidí agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil do thachráin, leanaí, déagóirí, aosaigh agus seandaoine de gach cumas.

## Limistéir Spraoi do Leanaí

Gné bhunriachtanach d'fhorbairt an linbh is ea spraoi, agus bíonn limistéir spraoi ina ngnéithe tábhachtacha den timpeallacht áitiúil.

Tá dhá chineál limistéar spraoi ann - limistéir spraoi ina bhfuil trealamh daingnithe ar nós luascáin agus sleamhnáin, agus limistéir spraoi nádúrtha nach bhfuil aon trealamh nó mórán trealaimh iontu, ar nós stráice talún ina bhfuil fánaí, tamhain chrainn agus bolláin, gaineamh, uisce agus fásra nádúrtha inar féidir le leanaí leas a bhaint as a samhlaíocht féin.

Is féidir le grúpa pobal ar bith atá spreagtha go maith áit súgartha a cruthú i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Áitiúil, ach ní úsáidfear limistéar spraoi ach amháin más timpeallacht spraoi é atá níos tarraingtí ná spásanna oscailte eile. D'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil dul i mbun cothabháil a dhéanamh ar limistéir spraoi feistithe mar gheall ar chúiseanna árachais, ach seans nach mbeadh sé chomh tábhachtach céanna i gcás limistéir spraoi nach bhfuil feistithe.

### Nithe le cur san áireamh nuair atáthar i mbun limistéar spraoi a leagan amach:

- Smaoinigh ar na leanaí ar dtús. Cé mhéad leanaí is dócha a úsáidfidh an limistéar spraoi? Cén aois atá siad? Cén áit a mbíonn siad ag spraoi faoi láthair?

- Bíodh baint ag na leanaí leis an dearadh. Seans go mbeadh eolas acu ar shuíomh ar mhaith leo go mbeadh sé mar limistéar spraoi acu.

- Roghnaigh suíomh atá go deas bheith ag súgradh ann, a bhfuil foscadh agus grian ann agus a bhfuil cuid de ar a laghad timpeallaithe.

- Seiceáil láthair an tsuímh i ndáil le scoileanna, tithe, siopaí, stadanna bus agus naisc do choisithe. Ní mór go mbeadh bealach isteach éasca agus sábháilte ag leanaí ar an suíomh. Ba chóir nach mbeadh ar aon duine bóthar gnóthach a thrasnú chun é a bhaint amach.

- Ní bhainfidh leanaí úsáid as suíomh ach amháin suíomh ina mbraitheann siad sábháilte agus inar féidir leo féachaint thart orthu agus inar féidir iad a fheiceáil.

- Bíonn suíomh ina bhfuil cnapáin, loig agus roinnt fásra níos spéisiúla do leanaí ná suíomh réidh, oscailte.

- Ba chóir go mbunófaí leagan amach an limistéir spraoi ar riachtanas na leanaí do shábháilteacht agus do dheis na samhlaíochta.

- Bíonn spásanna spraoi atá leagtha amach go maith inrochtana do chách agus spreagann siad na húsáideoirí ar fad bheith páirteach. Ba chóir go mbeadh teacht ag leanaí agus aosaigh atá faoi mhíchumas fisiceach nó céadfach ar an suíomh freisin, mar aon le daoine a bhaineann leas as áis shoghluaisteachta.

- Is maith le leanaí meascán de ghníomhaíochtaí bheith acu chun siamsa a dhéanamh dóibh féin agus chun go bhféadfaidís bheith ag spraoi in éineacht le leanaí eile. Beidh trealamh difriúil ag teastáil ó leanaí níos óige.

Bíonn gá le samhlaíocht agus eolas teicniúil chun áit súgartha a dhearadh. Oifigeach tírdhreacha, oifigeach spóirt agus áineasa an Údaráis Áitiúil nó beidh ailtire tírdhreacha ar an eolas faoi na caighdeáin sábháilteachta is déanaí maidir le trealamh agus dromchlaí in áiteanna súgartha. Go hiondúil, oibríonn siad i gcomhar le coiste

áitiúil chun na tarraingtí riachtanacha a ullmhú maidir le cead forbartha a fháil (bíodh sin ón Údarás Áitiúil, ón úinéir talún, nó iad araon) agus meastacháin na gcostas a ullmhú atá riachtanach ar mhaithe le cúnamh deontais a fháil.
Ba chóir do choistí Bailte Slachtmhara oibriú i gcomhar leis an Údarás Áitiúil nó leis an gcoiste áit súgartha áitiúil d'fhonn caighdeán ard a bhaint amach i ndáil leis na spásanna súgartha ar fad a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh orthu.

## Spásanna do Dhéagóirí

Nuair atá spásanna allamuigh á bhforbairt do dhéagóirí, dírítear aird ar spásanna agus gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh scleondar agus príobháideacht a chruthú dóibh. Teastaíonn ón bhformhór déagóirí áit éigin chun bualadh fúthu, bheith ag caint lena chéile agus bheith in éineacht lena gcuid cairde. In go leor pobail, bíonn neart deiseanna ar fáil do dhaoine óga tabhairt faoi réimse éagsúil gníomhaíochtaí áineasa spóirt agus gníomhaíochtaí áineasa eagraithe eile ach ní bhíonn mórán rochtana, nó rochtain ar bith acu, ar spásanna le haghaidh áineas neamhstruchtúrtha.

Do dhéagóirí, gníomhaíocht dheas ann féin is ea crochadh thart lena chéile agus ní toradh é ar faic le déanamh. Mar sin féin, murab ionann is leanaí óga agus aosaigh níos sine, is minic nach mbíonn aon spásanna ainmnithe dá gcuid féin acu. De ghnáth, ní bhíonn aon áit eile le dul acu seachas áiteanna poiblí faoin aer ar nós páirceanna agus áiteanna súgartha. Ba chóir an bhraistint gur le gach duine an áit a ghríosú agus páirt a thabhairt do dhéagóirí i dtionscnamh chun spásanna spleodracha a aithint agus a chruthú do dhaoine óga sa phobal. D'fhonn ionad sóisialta a fhorbairt do dhéagóirí sa tírdhreach amuigh faoin aer i mbaile nó sráidbhaile, d'fhéadfadh deis bheith ar fáil láithreacha cruinnithe/gnáthaithe a chruthú do dhéagóirí ina gcuirtear WiFi ar fáil mar aon le suíocháin scaipthe ar fud na háite. D'fhéadfaí leagan amach na suíochán agus an timpeallacht sa tírdhreach a shaincheapadh d'fhonn áit faoi leith a dhéanamh den spás. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí saoráidí a thabhairt isteach sna spásanna seo le haghaidh gníomhaíocht fhisiceach neamhstruchtúrtha nó féinstiúrtha ar nós limistéar cluichí, páirceanna scátála nó cúirteanna cispheile. Chomh maith leis sin, d'fheadfadh earraí móra trealaimh le haghaidh spraoi bheith san áit lena n-úsáid ag déagóirí ar nós luascáin, frámaí dreapadóireachta agus ziplínte.

## Saoráidí Aclaíochta Allamuigh

Tá ionaid traenála agus spásanna aclaíochta allamuigh d'aosaigh, lena n-áirítear seandaoine, ag éirí níos coitianta i mbailte agus sráidbhailte chun feabhas a chur ar aclaíocht agus folláine agus chun cur ar chumas daoine de gach aoise tabhairt faoi ghníomhaíochtaí fisiceacha.
Tá an trealamh deartha ionas gur féidir roghanna aclaíochta neamhstrusmhara a chur ar fáil do sheandaoine le gur féidir leo bheith gníomhach agus aclaí i gcónaí agus chun spás a chur ar fáil do chaidreamh sóisialta. Is minic a chuirtear earraí trealaimh corpacmhainne isteach i gconaire nó i spás faoi leith i bpáirc áitiúil nó limistéar glas nó d'fhéadfadh láthair fheiliúnach bheith ar fáil gar d'áit súgartha do leanaí. De ghnáth, forbraítear ionaid aclaíochta allamuigh i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Áitiúil a dhéanann cothabháil air freisin agus a chuireann an t-ionad faoi árachas.

### Cothabháil a Dhéanamh ar Shaoráidí Spraoi agus Aclaíochta

- Ba chóir go mbeadh bail mhaith dromchlaí sábháilteacht agus nach mbeadh an iomarca caonaigh nó fiailí orthu.
- Nach mbeadh aon graifítí ar threalamh ná dromchlaí. Ó thaobh páirceanna scátála de, aithnítear gur minic a bhíonn baint ag cultúr na clarscátála le graifítí mar mhodh féinléirithe ealaíonta a bhfuil glacadh leis. D'fhéadfadh sé seo bheith ina ábhar spéise dearfach nuair a leagtar amach polasaí soiléir ar bhonn réamhghníomhacha chun graifítí a bhainistiú mar ghné ealaíne i gcomhar le húsáideoirí na páirce scátála.
- Tá an trealamh glan agus go maith ó thaobh struchtúir de agus tá na bailchríocha i riocht maith.
- Tá troscán coimhdeach ar nós suíocháin, boscaí bruscair, cláir eolais glas, i ndea-chaoi agus tá an obair phéinte/bailchríocha i riocht maith. Folmhaítear boscaí bruscair go rialta.
- Níl aon bhruscar, smionagar ná salachar madraí sna limistéir.
- Tá teorainneacha, sconsaí, ballaí agus geataí i gcóir mhaith agus tá bail mhaith ar an obair phéinte/bailchríoch.

## NÓTAÍ